# UCD DEICH mBLIANA na gCUIMHNEACHÁN



# 1912-1923 Amlíne Imeachtaí

UCD DUBLIN

www.ucd.ie/centenaries

# Ag comóradh Dheich mBliana na gCuimh-neachán i UCD

Cothrom le céad bliain ó shin, agus an feachtas ar son neamhspleáchais ag bailiú nirt, ghlac mic léinn, baill foirne agus céimithe de chuid na hOllscoile páirt ríthábhachtach sa díoschúrsa agus sna gníomharthaí a bhí ag tarlú san am sin.

Sa lá atá inniu ann tá an ceart agus an chothromaíocht chomh tábhachtach is a bhí riamh don Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Creidimid san fhéiniúlacht chultúrtha a tharraingíonn le chéile muid, féiniúlacht a mhúnlaíonn ár n-aigne agus a spreagann chun plé muid.

Mar phríomhchoimeádaí arcíveanna a bhaineann le tréimhse 1912-1923 a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo is í an fhís atá againn don tréimhse chomórtha seo ná páirt scolártha, oibiachtúil a ghlacadh sa díospóireacht náisiúnta ar bhealach a chuireann an t-oideachas agus an léann is úire chun cinn.

*Cuireadh Imeachtaí amlíne 1912-1923 le chéile ag an Dr Conor Mulvagh, Léachtóir i Stair na hÉireann le freagrachtaí ar leith do Chomóradh Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus ag céimí Colm O'Flaherty, UCD Scoil na Staire agus Arcíveanna. Gheofar sonraí phríomhimeachtaí na tréimshse anseo le béim ar leith ar chuid de na hacmhainní saibhre taighde atá ar fáil i UCD. Aistriúchán Gaeilge le Cathal Billings, PhD, Léachtóir i UCD Lárionad de Bhaldraithe do Léann na Gaeilge, UCD Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta.*



Eochair Imeachtaí

- Imeachtaí UCD
- Imeachtaí Náisiúnta
- Imeachtaí Idirnáisiúnta

1913 1914 1915 1916 1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

# 1912

1 Eanáir 1912

IMEACHTAÍ UCD

## CEAPTAR TOMÁS MAC DONNCHADHA AR FHOIREANN UCD

Tar éis dó MA a chríochnú, ceaptar Mac Donnchadha ina Ollamh Cúnta le Béarla faoi dheireadh na bliana 1911. Tá Austin Clarke ina mhac léinn Béarla ag an am agus cuimhníonn sé air "making his way happily among the throngs of students... speaking vivaciously with quick gestures". Tá cur síos ag mac léinn eile leis ar a chuid léachtaí: "never relevant and invariably interesting".




*Tomás Mac Donnchadha (le Harris & Ewing - The Poetical Works of Thomas MacDonagh, via Wikimedia Commons).*

11 Aibreán 1912

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## CUIRTEAR AN BILLE RIALTAS DÚCHAIS I LÁTHAIR THEACH NA DTEACHTAÍ

Cuireann an Príomhaire Herbert Henry Asquith an Tríú Bille Rialtas Dúchais i láthair Theach na dTeachtaí. Molann an Bille féinriar sa bhreis in Éirinn, le parlaimint dhá-sheomra in ionad riarachán na Breataine ag Caisleán Bhaile Átha Cliath. Bheadh tionchar láidir ag an mBreatain go fóill ar ghnóthaí na hÉireann, áfach, agus bheadh suíocháin ag teachtaí parlaiminte na hÉireann in Wesminster i gcónaí. Tá tacaíocht ag an mBille ó Pháirtí Liobrálach Asquith, agus ó Pháirtí Parlaiminte na hÉireann a bhfuil John Redmond ina cheannaire orthu, agus braitheann na Liobrálaigh ar an tacaíocht sin. Ina measc siúd a chuireann i gcoinne an Bhille tá an Páirtí Coimeádach agus Páirtí Aontachtach na hÉireann.



*An Bille um Rialtas in Éireann, 1912*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- HISTORY HUB
  An tOll. Michael Laffan, The Irish Revolution, Lecture 1, The Home Rule Party
  *http://historyhub.ie/the-home-rule-party-the-irish-revolution-lecture-1*

31 Márta 1912

IMEACHTAÍ UCD

## LÉIRSIÚ AR SON RIALTAS DÚCHAIS AR SHRÁID SACKVILLE

Faoin tráth seo tá an chuid is mó de lucht UCD dílis do Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, mar a léiríodh ag an léirsiú ar son Rialtas Dúchais i Márta 1912. Meastar go bhfuil 100,000 duine amuigh ar na sráideanna, iad ag cruinniú thar timpeall ceithre ardán le hóráidí a chloisteáil ó náisiúnaithe móra, John Redmond ina measc. Tá muintir UCD bailithe ag an gceathrú hardán, ag bun dhealbh Uí Chonaill. Labhraíonn idir mhic léinn agus bhaill foirne, uachtarán na hollscoile Denis Coffey san áireamh, ar son ghluaiseacht Redmond. An lá dár gcionn, cuireann an Irish Independent síos ar an ócáid mar "one of the most imposing sections of the demonstration" agus "[a] remarkably fine display".



*John Redmond ag labhairt ag an léirsiú ar son Rialtas Dúchais ar 31 Márta, 1912 (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, INDH7).*

14 - 15 Aibreán 1912

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## BÁ AN TITANIC

Buaileann an RMS Titanic in éadan cnoc oighir agus é ar a chéad aistear mara. Cailltear níos mó ná 1,500 duine.



*Willy Stöwer, Der Untergang der Titanic (Bá an Titanic), 1912 (trí Wikimedia Commons)*

# 1912

9 Bealtaine 2012

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## GLACTAR LEIS AN MBILLE RIALTAS DÚCHAIS AG AN DARA LÉAMH I DTEACH NA DTEACHTAÍ

Glactar leis an mBille um Rialtas in Éirinn, nó an Tríú Bille Rialtas Dúchais, ag an dara léamh i dTeach na dTeachtaí le tromlach 101 MP.




*An Bille um Rialtas in Éirinn, 1912*

28 Meán Fómhair 1912

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SÍNÍTEAR CONRADH AGUS CÚNANT SOLLÚNTA ULADH

Cuirtear cur i gcoinne láidir sciar mór de dhaonra Uladh in iúl le Conradh agus Cúnant Sollúnta Uladh. Tá Sir Edward Carson ar an gcéad duine de nach mór 240,000 fear Ultach leis an gCúnant a shíniú, cúnant a chuireann in iúl go gcuirfear i bhfeidhm "all means which may be found necessary to defeat the present conspiracy to set up Home Rule Parliament in Ireland." Síníonn an líon céanna ban a mhacasamhail de chomhad. Fógraítear gurb é seo "Lá Uladh" agus ceiliúrtar é le slógadh ag Halla Cathrach Bhéal Feirste.



*Síníonn Sir Edward Carson Conradh agus Cúnant Sollúnta Uladh (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- HISTORY HUB
  An tOll. Michael Laffan, The Irish Revolution, Lecture 2, The Home Rule Crisis.
  *http://historyhub.ie/the-home-rule-crisis-the-irish-revolution-lecture-2*


# 1913

16 Eanáir 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA


## LÉITEAR AN BILLE RIALTAS DÚCHAIS DON TRÍÚ HUAIR I DTEACH NA DTEACHTAÍ

Vótáiltear ar son an Bhille le 367 vóta in aghaidh 257. Ag deireadh na míosa, áfach, buailtear an Bille i dTeach na dTiarnaí le 326 vóta in aghaidh 69.


Government of Ireland.

BILL

*An Bille um Rialtas in Éirinn, 1912*



*Sir Edwards Carson, ceannaire Pháirtí Aontachtach na hÉireann, i dTeach na dTeachtaí (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

31 Eanáir 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUNÚ AN UVF

Bunaíonn Sir Edward Carson Óglaigh Uladh i mBéal Feirste. Léiriú é mílíste Aontachtach an UVF ar intinn Chonradh agus Cúnant Sollúnta Uladh cosaint a dhéanamh i gcoinne aon iarrachtaí Rialtas Dúchais a chur i bhfeidhm sa chúige. Agus í i mbarr a réime, maíonn an ghluaiseacht 80,000-100,000 ball a bheith aici.



*Siúlann Sir Edward Carson i measc bhaill an UVF (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

1914 1915 1916 1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

# 1913

9 - 19 Feabhra 1913

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## ‘LA DECINA TRAGICA’ (DEICH LÁ THRAGÓIDEACHA), MEICSICEO

Tagann borradh faoin bhforéigean mar chuid den Réabhlóid Mheicsiceach; maraítear níos mó ná 5,000 agus feallmharaítear an tUachtarán Francisco Madeiro.



*Reibiliúnaithe i gCathair Mheicsiceo le linn an Decina Tragica (trí Osuna, Wikimedia Commons)*

29 Meitheamh - 10 Lúnasa 1913

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## AN DARA COGADH BALCÁNACH

Níos lú ná mí amháin i ndiaidh do Chonradh Londan deireadh a chur leis an gCéad Chogadh Balcánach, tosaíonn coimhlint idir an Bhulgáir agus comhfhórsaí na Seirbe, na Gréige agus Mhontainéagró. Tagann deireadh leis an gcoimhlint le treascairt fhórsaí na Bulgáire agus le síniú Chonradh Bhúcairist ar an 10 Lúnasa.



*Saighdiúirí Seirbeacha agus a bhfearas cumarsáide (trí Wikimedia Commons)*

7 Iúil 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## GLACTAR LEIS AN MBILLE RIALTAS DÚCHAIS TRÍ THEACH NA DTEACHTAÍ

Glactar leis an mBille Rialtas Dúchais arís i dTeach na dTeachtaí, an uair seo le vóta 352 -243, ach diúltaítear dó i dTeach na dTiarnaí seachtain níos déanaí.




*Cuireann Aontachtaithe in Leeds i gcoinne Rialtas Dúchais (Irish Life, Bailiúchán iomlán ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- CENTURY IRELAND
  Pléann An Dr Conor Mulvagh, Scoil na Staire agus na gCartlanna UCD, Rialtas Dúchais agus Polaitíocht Pharlaimint na Breataine.”
  *https://www.youtube.com/watch?v=NfOZZ7DAEOg*

26 Lúnasa 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## CUIRTEAR TÚS LE STAILC OIBRITHE IOMPAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Ar an gcéad lá de Sheó Ríoga Capall Bhaile Átha Cliath, stiúrann James Larkin stailc de chuid an ITGWU. Freagra í an stailc ar bhagairt ó William Martin Murphy, Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath agus Cathaoirleach Chomhlacht Trambhealach Bhaile Átha Cliath, go ndíbreofar as a phost aon duine atá ina bhall den ITGWU. Éilíonn na stailceoirí ardú pá idir 1-2s.



*James Larkin, a bhí i gceannas ar na hoibrithe le linn an Fhrithdhúnta (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

1914 1915 1916 1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

# 1913

31 Lúnasa 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## DIANCHIRÉIBEACHA AR SHRÁIDEANNA BHAILE ÁTHA CLIATH

Ar Shráid Sackville, cuireann na póilíní ruaig bata ar shlua atá ag éisteacht le haitheasc de chuid James Larkin. Gortaítear idir 400 agus 600 duine. Baintear feidhm as marcshlua mar iarracht ar an gcíréib a smachtú. Ansin, déanann ceardchumannaithe atá ag filleadh ó shlógadh i bPáirc Croydon ionsaí ar na póilíní. "Domhnach na Fola" a thugtar ar an lá seo níos déanaí.



*Cuireann póilíní ruaig bata ar shlua atá bailithe ar Shráid Sackville (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

2 Meán Fómhair 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TITEANN DHÁ THEACH TIONÓNTÁIN GO TALAMH I MBAILE ÁTHA CLIATH

Titeann dhá theach go talamh ar Shráid an Teampaill, uimh. 66 agus 67, agus maraítear seachtar, triúr páistí ina measc. Clampar poiblí an toradh ar an tragóid, agus cuirtear feachtas bailiúchán airgid ar bun lena mbailítear £2,000 agus bunaíonn údaraithe ag Augustine Birrell, Príomhrúnaí na hÉireann, Fiosrúchán Tithíochta.



*Tithe tionóntáin i mBaile Átha Cliath ar Shráid an Teampaill, mar a léiríodh iad i An Claidheamh Soluis (Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD).*

7 Deireadh Fómhair 1913

IMEACHTAÍ UCD

## BUNAÍONN THOMAS KETTLE AN INDUSTRIAL PEACE COMMITTEE

Ag cruinniú i dTeach an Ard-Mhéara, bunaíonn Thomas Kettle, Ollamh le hEacnamaíocht Náisiúnta in UCD, an Industrial Peace Committee agus é d'aidhm leis deireadh a chur leis an bhFrithdhúnadh. Cuireann Kettle ceist orthu sin atá i láthair ag an gcruinniú: "Does anyone think that hatred and uncharitableness are foundations on which we can build a great city... We cannot live an eternity in a state of war." Ní fada a mhaireann an coiste, a bhfuil comhghleacaithe UCD le Kettle air in éineacht leis. I mí na Samhna, áfach, bunaíonn cuid de na baill an Civic League, eagraíocht a a imríonn ról tábhachtach aici i mbunú Arm Shaoránaigh Éireann.



*Thomas Kettle, Ollamh le hEacnamaíocht Náisiúnta in UCD (Irish Life, an bailiúchán iomlán ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)*



*Léirsiú oibrithe ar Shráid Sackville le linn an fhrithdhúnta. (Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

1 Samhain 1913

IMEACHTAÍ UCD

## FOILSIÚ "THE NORTH BEGAN" AR AN CLAIDHEAMH SOLUIS

Ar 1 Samhain, 1913, foilsíonn An Claidheamh Soluis "The North Began", alt tábhachtach le hEoin Mac Néill, Ollamh le Stair Luathaois agus Mheánaois na hÉireann. Go dtí seo is mar scríbhneoir acadúil agus mar chomhbhunaitheoir Chonradh na Gaeilge is fearr aithne ar Mhac Néill, ach scríobhann sé an t-alt ar achainí Micheál Seosamh `Ua Raghaille', bainisteoir an nuachtáin . Tosaíonn sé an t-alt leis an ráiteas "a wonderful state of things has come to pass in Ulster." Molann sé iad siúd a bhunaigh Óglaigh Uladh agus iarrann ar náisiúnaithe na hÉireann a leithéid chéanna a bhunú. Léann náisiúnaithe ar fud na tíre an t-alt agus moltar go mór é, den chuid is mó.



*An tOllamh Eoin MacNeill, a d'fhoilsigh "The North Began" ar An Claidheamh Soluis ar 1 Samhain, 1913 (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, KE 77).*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- HISTORY HUB
  Próifíl d'Eoin Mac Néill: *http://historyhub.ie/eoin-macneill-revolutionary-and-scholar*
- HISTORY HUB
  An tOllamh Michael Laffan ar alt Mhic Néill: *http://historyhub.ie/the-north-began*
- RTE CENTURY IRELAND
  The North Began: *http://www.rte.ie/centuryireland/articles/the-north-began*

# 1913-14

11 - 25 Samhain 1913

IMEACHTAÍ UCD

## BUNÚ ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Tar éis cruinnithe in Óstán Wynn ar Shráid na Mainistreach, seoltar gluaiseacht Óglaigh na hÉireann ag cruinniú poiblí sa Rotunda. De réir tuairisc nuachtáin, "a large body of students – 350 of them – marched into the meeting in processional order from the National University and attracted a good deal of attention". Ina dhiaidh sin, eagraítear complacht dhá scór mac léinn ach ní mhaireann an complacht i bhfad.



*Craobh Luimní d'Óglaigh na hÉireann (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Bailiúchán McManus).*

19 Samhain 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUNAÍTEAR ARM SHAORÁNAIGH ÉIREANN

Bunaítear Arm Shaoránaigh Éireann (ICA), mílíste oibrithe, agus é i gceist aige oibrithe ar stailc a chosaint ó ruaig bata póilíní. Maíonn An Captaen Jack White, a bheadh i bhfeighil ar dhruileáil na bhfear, go mbeidh mar thoradh ar an ngluaiseacht go gcoimeádfar "unemployed men fit and self-respecting."




*An Captaen Jack White i mbun druileála an ICA i bPáirc Croydon, BÁC (An Claidheamh Soluis, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD).*

25 Samhain 1913

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SEOLTAR ÓGLAIGH NA HÉIREANN GO POIBLÍ

Tar éis an tsuim a léiríodh in alt Eoin MacNeill "The North Began", reáchtáiltear cruinniú poiblí ag an Rotunda, áit a seoltar gluaiseacht Óglaigh na hÉireann. Téann breis is 3,000 fear i bpáirt leis an eagraíocht ar an oíche, Pádraic Mac Piarais Pearse agus Eamon de Valera san áireamh. Faoi shamhradh 1914, tagann ardú ar líon na ndaoine san eagraíocht go ndéantar amach go raibh idir 130,000-180,000 san eagraíocht ag an am sin.




*Complacht Bhaile Átha Cliath de chuid na nÓglach (An Leabharlann Náisiúnta).*

# 1914

18 Eanáir 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## FILLEANN OIBRITHE TAISTIL BHAILE ÁTHA CLIATH AR AN OBAIR

Cuireann James Larkin comhairle ar oibrithe filleadh ar a bpostanna faoi na téarmaí is fearr agus is féidir tar éis go dtarraingíonn Comhdháil Ceardchumann na Breataine siar a dtacaíocht, agus de réir mar a bhuailtear na hoibrithe agus a dteaghlaigh go dona ag an ocras agus ag an dearóile.



*James Larkin (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

# 1914

20 - 21 Márta 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## CEANNAIRC AN CHURRAIGH

Ag campa míleata an Churraigh i gCo. Chill Dara, léiríonn oifigigh Arm na Breataine go mbeidh siad i gcoinne aon ordú dul chun troda in aghaidh Óglaigh Uladh. Ar ball, scríobhann J.E.B. Seely, an Rúnaí Stáit Cogaíochta, chucu lena dhearbhú nach gcuirfear iad ar aon fheachtas míleata in Ulaidh.



*Cárta poist ar a bhfuil pictiúr de champa míleata an Churraigh (le caoinchead Paul O'Farrell).*

2 Aibreán 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUNÚ CHUMANN NA MBAN

Bunaítear Cumann na mBan, eagraíocht réabhlóideach, ag cruinniú in óstán Wynn ar Sráid na Mainistreach. De réir a mbunreachta, is é an aidhm atá ag an eagraíocht ná "advance the cause of Irish liberty and to organize Irishwomen in the furtherance of this object". Ar na baill is cáiliúla den eagraíocht tá Elizabeth O'Farrell, Mary MacSwiney agus Constance Markievicz.



*Suaitheantas Chumann na mBan.*



*Sighle Humphreys, gníomhaí poblachtach, agus í faoi éide Chumann na mBan (Cartlann UCD, P106/1002).*





2 Aibreán 1914

IMEACHTAÍ UCD

## UCD AGUS BUNÚ CHUMANN NA MBAN

Ag cruinniú a stiúrann Úna Ní Fhaircheallaigh, léachtóir le Nua-Ghaeilge in UCD, bunaítear Cumann na mBan. Tacaíonn an Cumann le hÓglaigh na hÉireann agus tá sé ar an ngluaiseacht phoblachtach is tábhachtaí do mhná le linn na tréimhse. Tá Lúise Gabhánach Ní Dhufaigh ar an gcéad choiste sealadach, agus ar ball bíonn ról mór ag Máire Ní Chinnéide, céimí de chuid UCD, san eagraíocht.



*Úna Ní Fhaircheallaigh, a stiúir an chéad chruinniú de chuid Chumann na mBan (UCD).*

24 - 25 Aibreán 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TABHAIRT I DTÍR NA NGUNNAÍ I LATHARNA

Déanann coiste rúnda de chuid Chomhairle Aontachtaithe Uladh socrú le gunnaí agus le harmlón ón nGearmáin a thabhairt i dtír in Ulaidh ar an SS Fanny agus ar an SS Clydevalley. Tugtar suas le 25,000 raidhfilí agus 5 mhilliún urchar go dtí Domhnach Daoi, Beannchar agus Latharna, áit a mbailíonn Óglaigh Uladh iad.



*Pictiúr de Thabhairt i dTír na nGunnaí i Latharna (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*


# 1914

23 Meitheamh 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN BILLE UM RIALTAS NA HÉIREANN (LEASÚ) A THABHAIRT ISTEACH

De réir Bille a thugtar isteach i dTeach na dTiarnaí, moltar contaetha áirithe in Ulaidh a choinneáil sa Bhreatain má chuirtear Rialtas Dúchais i bhfeidhm in Éirinn riamh.




*Cartún faoi John Redmond agus é gléasta mar a bheadh an tríú Bille Rialtas Dúchais ann, Príomhaire na Breataine Asquith ina dhiaidh agus líne billí leasúcháin a leanúint (Irish Life, tá an bailiúchán iomlán ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

28 Meitheamh 1914

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## FEALLMHARÚ AN ARD-DIÚIC FRANZ FERDINAND

Feallmharaíonn an náisiúnaí Seirbeach Gavrilo Prinzip an tArd-Diúc Franz Ferdinand, oidhre choróin na hOstaire, agus é ar cuairt chuig Sairéavó. Fadú leis an teannas idir an Ostair-Ungáir agus an tSeirb is ea an feallmharú.



*Ard-Diúc Ferdinand agus a bhean chéile sular maraíodh iad (ILN, NLI)*



*Bactar iarracht ní ba luaithe na náisiúnathaite Seirbeacha ar é a fheallmharú (ILN, NLI)*




21 - 24 Iúil 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## COMHDHÁIL PHÁLÁS BUCKINGHAM

Agus an caidreamh idir Náisiúnaithe Éireannacha agus Aontachtaithe ag dul in olcas agus an baol anois ann go mbeidh sé ina chogadh cathartha eatarthu, eagraíonn Rí na Breataine, Seoirse V, comhdháil ag Pálás Buckingham le teacht ar réiteach ar "fhadhb na hÉireann." Cé go nglacann ceannairí móra ón dá thaobh páirt inti, ní bhíonn rath ar an gcomhdháil.




*Pálás Buckingham (via Wikimedia Commons). (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)*

26 Iúil 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TABHAIRT I DTÍR NA NGUNNAÍ I MBINN ÉADAIR AGUS AN TÁR AR SHIÚLÁN BHAITSILÉIR

Tagann an Asgard, bád seoltóireachta Erskine agus Molly Childers, i dtír i mBinn Éadair agus 900 raidhfil agus armlón uirthi. Bailíonn Óglaigh na hÉireann iad agus éiríonn leo an lastas a choinneáil slán in ainneoin póilíní agus Arm na Breataine a bheith ag faire orthu. Níos deireanaí sa lá, tosaíonn slua ag magadh faoi shaighdiúirí Briotanacha ar Shiúlán Bhaitsiléir. Caitheann na saighdiúirí piléir leo; maraíonn siad ceathrar.



*Asgard (Ceadaithe ag an Údarás Poiblí, via Wikimedia Commons)*


**1914**

28 Iúil - 4 Lúnasa 1914

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

# TÚS AN CHÉAD CHOGAIDH DHOMHANDA

Tar éis don Ostair-Ungáir cogadh a fhógairt ar an tSeirb ar an 28 Iúil, déantar comhaontais éagsúla a thugann cumhachtaí móra na hEorpa i gcoimhlint lena chéile. Tacaíonn an Ghearmáin leis an Ostair-Ungáir trí "sheic bhán" a thabhairt di agus fógraíonn sé cogadh ar an Rúis agus ar an bhFrainc. Tar éis ionradh na nGearmánach ar an mBeilg ar an 4 Lúnasa, fógraíonn an Bhreatain Mhór cogadh ar an nGearmáin agus ar a comhghuaillithe. Ar an lá céanna fógraíonn Woodrow Wilson go bhfuil Meiriceá neodrach. Ainneoin na heagla roimh an gCogadh a bhí tar éis fás le mí roimhe sin, feictear léirsithe poiblí tírghrá ar fud na hEorpa tríd an tseachtain agus saoránaigh á ngríosadh chun tacú leis an gcogadh.




*Nuachtán Francach Le Figaro (leagan na Gearmáinise) ag marcáil thús an Chéad Chogaidh Dhomhanda (Tá eagráin iomlána de Le Figaro ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- HISTORY HUB
  Míoníonn an Dr William Mulligan, UCD Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta, bunús an Chéad Chogaidh Dhomhanda
  *http://historyhub.ie/the-origins-of-the-first-world-war*

28 Iúil - 4 Lúnasa 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

# ÉIRE AGUS TÚS AN CHÉAD CHOGAIDH DHOMHANDA

Tacaíonn ceannairí Aontachtaithe láithreach leis an mBreatain sa Chogadh agus maíonn John Redmond go mbeidh Óglaigh na hÉireann réidh le hÉirinn a chosaint freisin. Le linn na chéad bhliana den chogadh, liostálann tuairim is 80,000 Éireannach in Arm na Breataine anuas ar an 50,000 duine a bhí ina saighdiúirí nó ina gcúltacairí ann cheana.



*Saighdiúirí Éireannacha ina seasamh ar an bPort Thuaidh agus iad ar tí imeachta go dtí an Eoraip (Irish Life, tá an bailiúchán iomlán ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

**TUILLEADH EOLAIS:**

- CENTURY IRELAND: Liostáil Éireannaigh le hArm na Breataine ar chúiseanna éagsúla. Breathnaíonn Adam Darnell agus David Molumby ó Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta in UCD ar scéal beirte a raibh tógáil an-difriúil acu ach a chuaigh araon le hArm na Breataine, James Cecil Parke and James Rossiter
  *http://www.rte.ie/centuryireland/watch/james-cecil-parke-a-forgotten-legend-of-irish-sport*
  *http://www.rte.ie/centuryireland/watch/james-rossiter-the-gaa-or-the-great-war*

28 Iúil - 4 Lúnasa 1914

IMEACHTAÍ UCD

# UCD AGUS TÚS AN CHÉAD CHOGAIDH DHOMHANDA

Ar 4 Lúnasa, 1914, fógraíonn an Bhreatain cogadh ar an nGearmáin. Tairgeann Denis Coffey, Uachtarán UCD, cúnamh don Oifig Cogaidh agus Cór Oiliúna Oifigeach a bhunú san ollscoil. Cé nach nglactar leis an tairiscint riamh, faoi 1916 tá thart ar 450 duine as baill foirne, mic léinn agus céimithe na hollscoile tar éis imeacht go dtí an Eoraip le hArm na Breataine, an tOllamh Tom Kettle ina measc. Téann an cogadh i bhfeidhm orthu siúd a fhanann sa bhaile freisin mar cuireann cáineadh an rialtais agus laghdú ar mhaoiniú isteach ar chúraimí laethúla na hollscoile.



*Radharc ó Chath na Aisne (Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*



*Saighdiúirí na Fraince ag bhóthair (Bibliothèque nationale de France , trí Wikimedia Commons)*

26 - 30 Lúnasa 1914

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

# CATH TANNENBERG

Tar éis d'Arm na Gearmáine formhór mór a chuid saighdiúirí a chur chuig Cathéadan an Iarthair déanann na Rúisigh ionradh ar Oirthear na Prúise. Cuireann Cath Tannenberg stad leis an ionradh seo nuair a ruaigtear dhá arm Rúiseacha agus feictear teacht chun cinn Paul von Hindenburg agus Erich Ludendorff mar bheirt cheannasach laistigh d'arm agus de pholaitíocht na Gearmáine.



*Léiriú ar Mharascal Machaire Paul von Hindenburg ag treorú Arm na Gearmáine le linn Chath Tannenberg (trí Wikimedia Commons)*

1915 1916 1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

# 1914

5 - 12 Meán Fómhair 1914

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## CHÉAD CHATH NA MARNE

Ar bhruacha na Marne ruaigeann Arm na Fraince in éineacht Fhórsaí Sluaíochta na Breataine fórsaí na Gearmáine ar ais, ag cur stad lena ngluaiseacht i dtreo Pháras. Brúnn bua na gComhghuaillithe Arm na Gearmáine siar ó thuaidh, a chruthaíonn teorainneacha Chathéadan an Iarthair.



*Coimhlint ar son Chateau Mondement le linn Chath na Marne (ILN, NLI)*

20 Meán Fómhair 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## GEALLANN REDMOND GO DTACÓIDH ÓGLAIGH NA HÉIREANN LEIS AN MBREATAIN SA CHOGADH

Agus é ag tabhairt óráide ag an Droichead Adhmaid, Co. Chill Mhantáin, impíonn John Redmond ar Óglaigh na hÉireann liostáil le hArm na Breataine agus dul ag troid san Eoraip. Iarrann sé orthu sin atá i láthair a bheith fearúil agus an fód a sheasamh, “not only in Ireland itself, but wherever the firing line extends, in defence of right, of freedom and religion in this war”.



*John Redmond ag iniúchadh Óglaigh na hÉireann ag an Droichead Adhmaid, 20 Meán Fómhair 1914 (Grianghraf ó Denis Gwynn, The Life of John Redmond (Londain, 1932)).*

**TUILLEADH EOLAIS:**


- CENTURY IRELAND: Físeán ó Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta ag cur síos ar imeachtaí Mheán Fómhair 1914.
  *http://www.rte.ie/centuryireland/watch/september-1914*

18 Meán Fómhair 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN BILLE RIALTAS DÚCHAIS A ACHTÚ

Faigheann an Bille Rialtas Dúchais Aontú an Rí, ach cuirtear ar fionraí é go mbeidh deireadh leis an gcoimhlint san Eoraip agus go dtiocfar ar réiteach ar cheist Uladh. Tá ríméad ar Náisiúnaithe i Westminster; siúlann na hAontachtaithe amach as an bparlaimint. Cuirtear tinte ealaíne ar siúl ar Chearnóg Pharnell ach ní dhéantar mórán sa chuid eile den tír.



*An Bille Rialtas Dúchais, 1912.*





*Cuimhneachán ar achtú an Bhille Rialtas Dúchais.*

24 Meán Fómhair 1914

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## EASAONTÚ I MEASC ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Faoi cheannas Eoin Mhic Néill, téann grúpa de na hÓglaigh i gcoinne achainí Redmond liostáil in Arm na Breataine. I ráiteas sínithe ag Pádraig Mac Piarais, Seosamh Pluincéid agus poblachtaigh mhóra eile, séanann Coiste Sealadach Óglaigh na hÉireann ceannas Redmond ar an eagraíocht agus maíonn nach féidir le hÉirinn “with honour or safety, take part in foreign quarrels otherwise than through the free action of a National Government of her own”. Tacaíonn timpeall 12,000 Óglaigh le MacNeill, fad agus a thacaíonn 158,000 le Mac Réamoinn agus athchóiriú á dhéanamh acu orthu féin faoin ainm Na hÓglaigh Náisiúnta. As an méid seo áfach, níor ghlac ach 25,000 ballraíocht in Arm na Breataine Móire faoi mhí Feabhra 1917.



*Cuid de na daoine a shínigh ráiteas Choiste Sealadach Óglaigh na hÉireann (Cartlann CUD, LA 1/H/1 (6-7)).*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- HISTORY HUB
  Breathnaíonn an Dr Conor Mulvagh ó Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta in UCD ar an ráiteas a d'eisigh Coiste Sealadach Óglaigh na hÉireann.
  *http://historyhub.ie/statement-to-the-irish-volunteers*
- HISTORY HUB
  An tOllamh Michael Laffan, The Irish Revolution, léacht 3, Arthur Griffith, Sinn Fein, the IRB and the lead up to the Easter Rising.
  *http://historyhub.ie/arthur-griffith-sinn-fein-the-irb-and-the-lead-up-to-the-easter-rising-the-irish-revolution-lecture-3*

# 1914-15

24 Meán Fómhair 1914

IMEACHTAÍ UCD

## SCOILT SNA HÓGLAIGH

Tar éis do John Redmond iarraidh ar Óglaigh na hÉireann dul ag troid sa chogadh, cuireann coiste sealadach na nÓglach, a bhfuil Eoin Mac Néill ina Cheann Foirne air, scoilt san eagraíocht. Tá sé ráite go dtacaíonn "less than two dozen students and about half a dozen junior members of the academic staff" le Mac Néill. Ar fud na tíre, tacaíonn 93% de na hÓglaigh le Redmond.



*Eoin Mac Néill (Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

19 Deireadh Fómhair - 22 Samhain 1914

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## CHÉAD CHATH YPRES

Tagann fórsaí Francacha, Beilgeacha agus Briotanacha i gcoimhint le hArm na Gearmáine timpeall ar bhaile Ypres ar chósta na Beilge. Tagann deireadh leis an ngluaiseacht mar chuid den Chogadh agus éiríonn sé ina chogadh marbhánta trinsí. Éiríonn Ypres ina cheantar tábhachtach beartach le linn an Chogaidh agus is ansin a throidtear roinnt cathanna móra thar na blianta atá le teacht.



*Pictiúr de chuid W.B. Wollen a léiríonn an 2ú Cathlán Coisithe Oxfordshire agus Buckinghamshire ag sárú ar an nGarda Priseach ag Nonne Bosschen le linn Chéad Chath Ypres (trí Wikimedia Commons).*

31 Deireadh Fómhair 1914


IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## RUAIRÍ MAC EASMAINN SA GHEARMÁIN

Tagann Ruairí Mac Easmainn go Beirlín ó Mheiriceá, áit a raibh sé ag fáil tacaíochta do ghluaiseacht náisiúnachas na hÉireann agus ag cur aithne ar dhaoine in ambasáid na Gearmáine. Sa Ghearmáin dó, buaileann Mac Easmainn le Arthur Zimmermann, Fo-Rúnaí Stáit in Oifig Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine, agus le Theobald von Bethmann Hollweg, Seansailéir na hImpireachta. Fógraíonn seisean go bhfuil an Ghearmáin ar son chúis na Náisiúnaithe agus tosaíonn ar "Bhriogáid Éireannach" a bhunú i measc príosúnaigh chogaidh Éireannacha.



*Ruairí Mac Easmainn (Cartlann UCD, LA30/PH/408).*



*Síniú Mhic Easmainn ar litir a scríobh sé ar an 3 Meitheamh, 1915 chuig an gCaptaen Hans Boehm, a chabhraigh leis le linn dó a bheith sa Ghearmáin (Cartlann UCD, P127/4).*

# 1915

20 Aibreán 1915

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SEOSAMH PLUINCÉID SA GHEARMÁIN

Tagann Seosamh Pluincéid go Beirlín, áit a mbuaileann sé Ruairí Mac Easmainn atá sa Ghearmáin ó Dheireadh Fómhair na bliana roimhe sin. Buaileann Pluincéid le hoifigigh thábhachtacha in Arm na Gearmáine agus tugann sé tuairisc dóibh faoi éirí amach a eagrú in Éirinn le cabhair ón nGearmáin. Deir na Gearmánaigh go gcuirfidh siad gunnaí ar fáil faoi earrach na bliana dár gcionn, rud a chuireann an t-éirí amach a bhí socraithe do Mheán Fómhair siar tamall eile.



*Seosamh Pluincéid (Ceadúnaithe faoi Fearann Poiblí, trí Wikimedia Commons).*



*Campa príosúnaigh chogaidh i Limburg, ceann de na campaí inar thriail Pluincéid agus Mac Easmainn saighdiúirí Éireannacha a earcú (Cartlann UCD, P127/17).*

1916 1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

# 1915

24 Aibreán 1915

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## TÚS CHINEDHIOTHÚ NA NAIRMÉANACH

I gCathair Chonstaintínin ar an 24 Aibreán, gabhann údaráis Otamánacha 250 ceannaire agus intleachtach Airméanach. Thar na blianta ina dhiaidh seo faigheann thart ar 1.5 mhilliún Airméanach bás, idir fhir, mhná agus leanaí, mar gheall ar shléachtanna, ar shluachampaí géibhinn agus ar mháirseálacha báis.



*Cuirtear sibhialtaigh Airméanacha ar máirseáil trí bhaile Kharpert in Aibreán 1915, á dtionlacan ag saighdiúirí Turcacha. (trí Wikimedia Commons)*

Bealtaine 1915

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUNAÍONN IRB COISTE MÍLEATA IN ATHUAIR

Bunaíonn Ard-Chomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) Coiste Míleata nua; glacann sé ionad an Choiste Chomhairligh a bunaíodh an bhliain roimhe sin. I dtosach is iad Éamonn Ceannt, Pádraic Mac Piarais agus Seosamh Pluincéid atá ar an gCoiste, agus níos déanaí téann Tomás Ó Cléirigh agus Seán Mac Diarmada ina leith.



*Cúigear comhaltaí bunaidh Choiste Míleata BPÉ, ar tugadh an Chomhairle Mhíleata air ní ba dhéanaí. Téann Séamus Ó Conghaile and Tomás Mac Donnchadh ina leith i 1916. (ón "Sinn Féin" Léiriú Réabhlóide, Aibreán 1916 (grianghraif bhunaidh le Keogh Bros agus Lafayette), in Arcíveanna UCD, P104/1348)*

25 Aibreán 1915 - 9 Eanáir 1916

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## FEACHTAS GALLIPOLI

Déantar ionsaí cabhlaigh ar Impireacht Ottoman ag leathinis Gallipoli ag fórsaí na hIndia, na Breataine, na Fraince agus fórsaí nua-chruthaithe na hAstráile agus na Nua-Shéalainne (ANZAC). Ar deireadh, tar éis 8 mí de chogaíocht, ruaigtear fórsaí na gComhghuaillithe. Tá an-chuid taismeach ar an dá thaobh agus faigheann thart ar leathmhilliún bás.



*1ú Chathlán Astrálach ag Steeles Post ar chósta Gallipoli (trí Wikimedia Commons)*

7 Bealtaine 1915

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## BÁ AN LUSITANIA

Amach ó chósta theas na hÉireann tugann fomhuireán Gearmánach faoin RMS Lusitania, a bhí ag seoladh ó Nua Eabhrac. Téann an línéar, a bhí ag iompar lón cogaidh, go tóin poill laistigh de 18 nóiméad agus maraítear 1,198 nduine.



*Léiriú ar an Lusitania agus é ag bá (Bundesarchiv, DVM 10 Bild-23-61-17, trí Wikimedia Commons)*

1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

# 1915-16

1 Lúnasa 1915


IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SOCHRAID UÍ DHONNABHÁIN ROSA

I mBaile Átha Cliath atá sochraid Dhiarmada Uí Dhonabháin Rosa. Baineann poblachtánaigh leas as an ócáid chun bolscaireacht a dhéanamh; tá sé seo le feiceáil in óráid chois uaighe Phádraic Mhic Phiarais i Reilig Ghlac Naíon go háirithe, a scríobh sé ar chomhairle Thomáis Uí Chléirigh. Ag deireadh a óráide, fógraíonn an Piarsach: "They think that they have foreseen everything, think that they have provided against everything; but the fools, the fools, the fools! — they have left us our Fenian dead, and while Ireland holds these graves, Ireland unfree shall never be at peace."



*Pádraic Mac Piarais (Ceadúnaithe faoi Fearann Poiblí, trí Wikimedia Commons)*



*Diarmuid Ó Donnabháin Rosa (Ceadúnaithe faoi Fearann Poiblí, trí Wikimedia Commons)*

Samhain 1915

IMEACHTAÍ UCD

## BUNAÍONN MARY HAYDEN AN IRISH CATHOLIC WOMEN'S SUFFRAGE SOCIETY

Bunaíonn Mary Hayden, an chéad Ollamh le Nua-Stair in UCD, in éineacht le Mary Louise Gwynn, an Irish Catholic Women's Suffrage Society. Bhí Hayden an-díograiseach ag cur oideachas ollscoile do mhná chun cinn agus bhí páirt aici freisin i mbunú an Irish Women's Suffrage and Local Government Association, chomh maith le bheith ina stiúrthóir ar Ceardchumann Oibrithe Ban na hÉireann.



*Mary Hayden, a bhfuil portráid di ar crochadh i Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta in UCD.*

26 Deireadh Fómhair 1915

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SROICHEANN ROBERT MONTEITH CAMPA PRIOSÚNAIGH CHOGAIDH ZOSSEN

Tugann Ruairí Mac Easmainn an Captaen Robert Monteith, atá ina theagascóir druile le hÓglaigh na hÉireann i Luimneach, chuig Campa Priosúnaigh Chogaidh Zossen, atá fiche míle ó dheas ó Bheirlín, mar a nglacann sé ról mar Phríomh-Oifigeach na Briogáide Éireannaí. Bhí teipthe ar an Easmannach duine a earcú as na priosúnaigh chogaidh a d'fheidhmeodh mar cheannaire ar an mBriogáid nach raibh ach 56 fhear inti.



*An Captaen Robert Monteith (trí irishbrigade.eu http://www.irishbrigade.eu/recruits/monteith.html)*

# 1916

21 Feabhra - 18 Nollaig 1916

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## CATH VERDUN

Faoi cheannas an Ghinearáil Erich von Falkenhayn, ionsaíonn Arm na Gearmáine ceantar daingean tábhachtach ar bhruacha an Meuse in oir-thuaisceart na Fraince. Glacann an Ginearál Henri Pétain ceannas ar fhórsaí cosanta Francacha a n-éiríonn leo ionsaí na nGearmánach a ruaigeadh sa chath is faide den Chogadh - tá sé ar na cathanna is marfaí den Chogadh chomh maith le tuairim is milliún taismeach.



*Saighdiúirí 87ú Reisimint na Fraince ag Cath Verdun (trí Wikimedia Commons).*

# 1916

Earrach 1916

IMEACHTAÍ UCD

## SOCRAÍTEAR GO MBEIDH ÉIRÍ AMACH ANN FAOI CHÁISC

I ngan fhios d'Eoin Mac Néill, socraíonn an IRB go n-éireoidh siad amach ar Dhomhnach Cásca. Glacann comhghleacaí le Mac Néill, Tomás Mac Donnchadha, páirt níos mó san eagraíocht agus is é an duine deireanach a thoghtar ar an gComhairle Mhíleata é. Blianta ina dhiaidh sin, dúirt Austin Clark, a bhí ina mhac léinn ag Mac Donnchadha an t-am sin, go raibh cuma "abstracted and worried" air in earrach 1916, agus chuimhnigh sé ar "one day, during a lecture on the Young Ireland Poets, he took a large revolver from his pocket and laid it on the desk, 'Ireland can only win freedom by force' he remarked, as if to himself."




*Mark VI Webley, ceann de na gunnaí a d'úsáideadh Óglaigh na hÉireann.*

20 - 21 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN AUD, MAC EASMAINN AGUS GABHÁIL NA NGUNNAÍ GEARMÁNACHA

Tagann an Aud, long Ghearmánach faoi bhréagriocht atá ag iompar airm don Éirí Amach, i dtír i gCiarraí in antráth agus í ceaptha bualadh le Ruairí Mac Easmainn. Gabhann Cabhlach na Breataine í sula gcuireann an captaen Karl Spindler go tóin poill í lasmuigh de Bhaile na Banríona (Cóbh). Nuair a bhaineann an tEasmannach Ciarraí amach gabhann Constábalcht Ríoga na hÉireann (CRÉ) é. Éalaíonn an Captaen Robert Monteith agus Daniel Bailey, a bhí ar bord leis an Easmannach.



*Ruairí Mac Easmainn (ó Leabharlann na Comhdhála, Rannán Clónna agus Grianghraf, Washington, D.C. 20540 USA))*



21 Aibreán 1916


IMEACHTAÍ UCD

## TUGANN MAC NÉILL AGHAIDH AR AN BPIARSACH

Tar éis dó a fháil amach faoin Éirí Amach, tugann Mac Néill aghaidh ar an bPiarsach ar 2r.n. ar Aoine an Chéasta. Bronnadh céim le BL ar Mhac Piarais i 1910 agus thugadh sé léachtaí ó thráth go chéile in UCD; bhí cúrsa aige faoin nGaeilge a bhí ceangailte le cúrsa staire ag Mac Néill. Áitíonn an Piarsach, in éineacht le Tomás Mac Donnchadha, ar Mhac Néill gan an tÉirí Amach a bhac. Nuair nach n-éiríonn leis na hÓglaigh armlón a thabhairt i dtír i gCiarraí, áfach, tagann athrú intinne ar Mhac Néill. Tá Michael Hayes agus Liam Ó Briain ar na baill foirne in UCD a earcaíonn sé le dul i dteagmháil leis na craobhacha de na hÓglaigh ar fud na tíre agus é ag iarraidh cosc a chur ar an Éirí Amach.



*Eoin Mac Néill (Cartlann UCD, P80/PH/176).*



*Pádraig Mac Piarais (arna cheadú faoin bhFearann Poiblí, via Wikimedia Commons).*

22 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## CUIREANN EOIN MAC NÉILL INLÍOCHTAÍ CÁSCA AR CEAL

Níos luaithe sa tseachtain foghlaimíonn Eoin Mac Néill faoin éirí amach atá beartaithe agus, tar éis do Mhac Donnchadh agus pearsana mór le rá eile san IRB dul i bhfeidhm air, aontaíonn sé go drogallach gan cur isteach air. Tar éis go gcliseann ar an iarracht na hairm a thabhairt i dtír i gCiarraí, áfach, tagann malairt intinne air agus eisíonn sé ordú ag cealú na n-inlíochtaí a bhí beartaithe don Cháisc.



*Eoin Mac Néill (The Illustrated London News, cóipeanna iomlána ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)*

# 1916

23 Aibreán 1916


IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BEARTAÍONN AN CHOMHAIRLE MHÍLEATA DUL AR AGHAIDH LEIS AN ÉIRÍ AMACH

Ainneoin gur eisíodh ordú cealaithe Mhic Néill sa Sunday Independent, tagann Comhairle Mhíleata an IRB le chéile ag Halla na Saoirse ar Dhomhnach Cásca agus beartaíonn siad dul ar aghaidh leis an Éirí Amach, á chur siar go dtí an lá ina dhiaidh sin.



*Seisear as seachtar de bhaill comhaltaí de Chomhairle BRÉ (ó The "Sinn Fein" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (4))*



*Séamas Ó Conghaile, a ghlac ballraíocht sa Chomhairle Mhíleáta i mí Eanáir 1916 (ón "Sinn Féin" Léiriú Réabhlóide, Aibreán 1916 (grianghraif bhunaidh ag Lafayette), in Arcíveanna UCD, P104/1348 (14))*

23 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN CHÉAD LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Téann tuairim agus 1,250 comhalta d'Óglaigh na hÉireann, Arm Shaoránaigh Éireann agus de Chumann na mBan ar slógadh tríd an gcathair. Níl a fhios ag cuid mhór acu céard atá rompu agus ní chuirtear ar an eolas iad faoin Éirí Amach go dtí go mbailíonn siad le chéile. Gabhtar foirgnimh thábhachtacha ar fud Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear na Ceithre Cúirteanna, Muileann Uí Bheoláin, an Institiúid Déircíochta, agus Ard-Oifig an Phoist, atá mar cheanncheathrú ag na reibiliúnaithe. Déanann reibiliúnaithe iarracht ar feadh scaithimh Caisleán Átha Cliath a ghabháil ach tugann siad aghaidh ansin arís ar oifigí an Evening Mail ar an taobh eile den tsráid. Ag Ard-Oifig an Phoist ardaítear bratach a bhfuil na focail "Irish Republic" scríofa uirthi in aice le bratach trí dhath agus léann Pádraic Mac Piarais Forógra Phoblacht na hÉireann amach os ard.



*Sráid Sackville i 1916 (ó Dublin and the "Sinn Fein Rising", leabhrán le Wilson Hartnell & Co, ucda P30/47 (3))*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- HISTORY HUB
  An tOllamh Michael Laffan, Réabhlóid na hÉireann, léacht 4, Éirí Amacj na Cásca:: *http://historyhub.ie/the-easter-rising-the-irish-revolution-lecture-4*



24 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ UCD

## AN CHÉAD LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Cruinníonn buíonta Óglach ar fud na cathrach, ina measc Complacht 'C' den Tríú Cathlán a thagann le chéile ar thailte UCD. Gabhann siad foirgnimh thábhachtacha i lár na cathrach. Tógann Tomás Mac Donnchadha, agus é i gceannas ar an Dara Cathlán, seilbh ar mhonarcha Jacobs ar Shráid an Easpaig. Nuair a chloiseann Lúise Gabhánach Ní Dhufaigh, ball eile d'fhoireann UCD, faoin Éirí Amach, téann sí chomh fada le hArd-Oifig an Phoist agus tógann post sa chistin. In éineacht léi sin, tá Joseph Sweeney, mac léinn innealtóireachta, agus James Ryan, mac léinn leighis a cheaptar ina Oifigeach Leighis don gharastún. Smaoiníonn Ernie O'Malley, mac léinn eile leighis in UCD, faoi chabhrú lena chairde Coláiste na Tríonóide a chosaint ach beartaíonn sa deireadh dul leis na reibiliúnaithe. Taca an ama chéanna, téann Liam Ó Briain, cúntóir i Roinn na Fraincise in UCD, leis an ngarastún atá lonnaithe ag Faiche Stiabhna.



*Tomás Mac Donnchadha faoi éide Óglaigh na hÉireann (arna cheadú faoin bhFearann Poiblí via Wikimedia Commons).*

25 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN DARA LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Fógraítear go bhfuil Dlí Airm i bhfeidhm mar a ghlacann fórsaí míleata na Breataine suíomhanna beartacha ar fud na cathrach, lena n-áirítear Halla na Cathrach agus Óstán Shiol Bhroin. Ag Faiche Stiabhna déantar ionsaí mór ar Arm Cathartha na hÉireann de réir mar a leanann scirmisí ar aghaidh in áiteanna eile, Aontas Bhaile Átha Cliath Theas san áireamh. Déantar siopaí ar Shráid Sackville a chreachadh agus a dhó.



*Íomhánna d'Arm na Breataine agus a bhfeithiclí tógtha i ndiaidh an Éirí Amach (ón "Sinn Féin" Léiriú Réabhlóide, Aibreán 1916, in Arcíveanna UCD, P104/1348 (18))*



*Faiche Stiabhna, agus Óstán Shíol Bhroin sa chúlra (ó Dublin and the "Sinn Fein Rising", leabhrán le Wilson Hartnell & Co, ucda P30/47 (2))*

# 1916

25 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ UCD

## AN DARA LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Tá ar Liam Ó Briain agus na reibiliúnaigh eile faoi stiúir Michael Mallin agus Countess Markievicz i bhFaiche Stiabhna bogadh go Coláiste Ríoga na Máinlianna tar éis go ndéantar dianionsaí orthu. In Portobello, gabhtar Francis Sheehy Skeffington, céimí de chuid UCD agus iar-reachtaire ar Chumann L&H, coimeádtar siar faoi choinneáil é agus, ar deireadh, lámhachtar é ag saighdiúirí na Breataine faoi threoir ón gCaptaen JC Bowen-Colthurst. Níor ghlac Sheehy Skeffington aon pháirt san éirí amach agus bhí grúpa daoine á chruinniú aige chun cosc a chur ar chreach siopaí agus gnóthaí.



*Francis Sheehy Skeffington agus a chéile mná Mary le linn bhronnadh a gcéimeanna.*

26 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ UCD

## AN TRÍÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Tar éis dó taobhú suas le hEoin Mac Néill i dtosach báire agus diúltú páirt a ghlacadh san éirí amach, tagann athrú intinne ar Mhícheál Ó hAodha, léachtóir cúnta Fraincise in UCD, agus tograíonn sé dul i bpáirt lena chara agus a leathbhádóir Tomás Mac Donnchadha i monarcha Jacob's. Bíodh is nach bhfuil mórán dianchomhraic ann, tá naoscaireacht ar bun timpeall na monarchan le linn na hoíche.



*Roinnt foirgneamh tábhachtach ó Éirí Amach na Cásca (Ar deiseal ón ngrianghraf ar barr agus ar dheis); Na Ceithre Cúirteanna, Monarcha Brioscaí Jacob's, Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máinlianna. Ghabh na reibiliúnaithe seilbh orthu sin ar fad seachas Coláiste na Tríonóide a bhí faoi chosaint shaighdiúirí na Breataine agus mac léinn (ó Dublin and the "Sinn Féin Rising", leabhrán ag Wilson Hartnell & Cuid., Cartlanna UCD, P30/47 (11)).*

26 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN TRÍÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Géaraíonn an choimhlint agus tugann fórsaí na Breataine gunnaí móra isteach. Déanann an chathlong Helga pleancadh ar Halla na Saoirse, cé nach bhfuil éinne istigh ann. Tugann na hÓglaigh faoi bheairic Linen Hall i dtuaisceart na cathrach agus ar Shráid an Mhóta tugann díormaí de chuid gharastún Éamonn De Valéra ó Mhuileann Uí Bheoláin faoi shaighdiúirí Briotanacha agus iad ag máriseáil ó Dhún Laoghaire.




*Fothracha Halla na Saoirse (Cartlanna UCD, P80/PH/7)*

27 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN CEATHRÚ LA DEN ÉIRÍ AMACH

Buamáil throm ar Shráid Sackville is cúis le tinte agus léirscrios. Tugann Coillteoirí Sherwood faoi Aontas Bhaile Átha Cliath Theas. Baintear úsáid as gunnaí móra ar Shráid Sackvile agus feidhmíonn naoscairí ar fud na cathrach. Ag Ard-Oifig an Phoist gointear Séamus Ó Conghaile sa chos agus sa lámh. Scaipeann na tinte agus éiríonn an creachadh níos fairsinge.




*Cárta poist cuimhneacháin le portráid Shéamuis Uí Chongaile (Cartlanna UCD, P34/F/3)*

# 1916

27 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ UCD

## AN CEATHRÚ LA DEN ÉIRÍ AMACH

Cuireann an Piarsach comhairle ar Lúise Gabhánach Ní Dhufaigh agus ar na mná eile sa GPO aistriú amach ón bhfoirgneamh, ach diúltaíonn siad, agus filleann siad ar a gcúraimí. San am céanna, cuireann James Ryan, a bhí sa chúigiú bliain sa chúrsa leighis in UCD, cóir leighis ar Shéamus Ó Conghaile atá créachtaithe go dona.



*Cóip de Birth of the Irish Republic le William Paget (Ceadaithe faoi Fhearann Poiblí, via Wikimedia Commons).*

28 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN CÚIGIÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Tagann an Ginearál an Ridire John Maxwell go Baile Átha Cliath le ceannas a ghlacadh ar an Arm Briotanach. Géaraíonn an bhuamáil agus tréigeann na reibiliúnaithe Ard-Oifig an Phoist, a bhfuil an-dochar déanta di de dheasca na mbladhmanna. Aistríonn siad a gceanncheathrú go dtí Sráid an Mhúraigh. Maraítear náisiúnaí agus Óglach mór le rá Mícheál Ó Rathaille (An Rathailleach) le linn an teite.



*An Ginearál Maxwell agus Maorghinearál Sandbach (ó Dublin and the "Sinn Fein Rising" (Bunghrianghraf le by LaFayette), leabhrán le Wilson Hartnell & Co, Cartlanna UCD, P30/47 (13))*



*Mícheál Ó Rathaille (An Rathailleach) faoi éide Óglaigh na hÉireann (Cartlanna UCD, P106/104/3)*



28 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ UCD

## AN CÚIGIÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Faoi thréanscaoileadh urchar, aistrítear amach as an GPO. Cabhraíonn Lúise Gabhánach Ní Dhufaigh agus James Ryan leo siúd atá créachtaithe imeacht as an bhfoirgneamh.



*An Dr James Ryan sna 1930í.*



*Lúise Gabhánach Ní Dhufaigh.*

29 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN SÉÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Go gairid tar éis an mheánláe socraíonn an Piarsach agus ceannairí eile ar Shráid an Mhúraigh géilleadh. Tar éis dó bualadh leis an nGinearál William Lowe tugtar an Piarsach go dtí ceanncheathrú Arm na Breataine mar a ngéilleann sé gan choinníoll. Géilleann an garastún ag na Ceithre Cúirteanna atá faoi cheannas Ned Daly chomh maith. Tugtar na príosúnaigh go dtí an fhaiche lasmuigh d'ospidéal an Rotunda agus coinnítear ansin iad go dtí an mhaidin dar gcionn.



*Ceannfort Eamonn Ó Dálaigh agus na Ceithre Cúirteanna (ó The "Sinn Fein" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (7))*



*Siúlann daoine thar bhráid Ard-Oifig an Phoist atá arna scriosadh (UCD Archives, P80/PH/2)*

# 1916

29 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ UCD

## AN SÉÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Agus é ag cóiriú créachtaí Uí Chongaile, deir Ryan go bhfaca sé "...a sight I shall never forget. Lying dead on the opposite footpath of Moore St were three elderly men..." Go gairid ina dhiaidh sin, deir Seán Mac Diarmada le Ó Conghaile agus Ryan gurb é radharc an triúr fear seo a chuireann ina luí ar an bPiarsach gur chóir dó géilleadh "to save the lives of the citizens." I monarcha Jacob's, tagann ordú an ghéillte chomh fada le Mac Donnchadha, ach ní chreideann sé é a bheith dílis.



*Lonnaíonn saighdiúirí Briotanacha iad féin i measc fhothracha na bhfoirgneamh (Cartlanna UCD, P80/PH/9).*

30 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN SEACHTÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Géilleann na garastúin a mhaireann ag Aontas Bhaile Átha Cliath Theas, Muileann Uí Bheoláin agus Monarcha Jacobs agus gabhtar na reibiliúnaithe. In imeacht na seachtaine maraíodh 466 dhuine, ina measc siúd bhí 254 shibhialtach.



*Triú Cathlán Éamon de Valéra tar éis dóibh géilleadh (Cartlanna UCD, P150/503/6, le caoinchead ó Phairtnéireacht Ord na mBráithre Mionúra - UCD)*



*Grianghraif a léiríonn léirscrios an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath (Cartlanna UCD, P80/PH/10, 12)*



30 Aibreán 1916

IMEACHTAÍ UCD

## AN SEACHTÚ LÁ DEN ÉIRÍ AMACH

Géilleann na garastúin ag Coláiste Ríoga na Máinlianna agus ag monarcha Jacob's. Deir Mícheál Ó hAodha go raibh Mac Donnchadha "quite calm and spoke in simple serious language. I remember that he seemed to be a quite different man..."



*Portráid de Mhícheál Ó hAodha ina bhlianta déanacha (Cartlanna UCD).*

3 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## ÉIRÍ AS AUGUSTINE BIRRELL, PRÍOMHRÚNAÍ NA HÉIREANN

Nuair a thairg Augustine Birrell, PríomhRúnaí na hÉireann éirí as, deir sé: "Ní haon éirí amach Éireannach é seo. Tá súil agam, cé go gcuirfear síos é, mar atá sé á chur síos faoi láthair, mar is gá é a chur síos, go gcuirfear síos é, leis an oiread sin dul chun cinn agus crógacht, agus ag an am céanna le daonnacht a léireofar do na daoine sochreite, na saighdiúirí singil, a cuireadh ar strae ag a gceannairí, nach gceanglófar an Éirí Amach seo riamh, fiú i meon agus i gcuimhne na ndaoine sin, lena reibiliúin eile roimhe seo agus nach mbeidh sé ina chloch chríche dá stair."



*Augustine Birrell, PríomhRúnaí na hÉireann*

1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

# 1916

3 - 12 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ CHEANNAIRÍ AN ÉIRÍ AMACH

Tar éis iad a roghnú amach cuirtear cúirt airm ar sheachtar sínitheoirí an Fhorógra agus ar reibiliúnaithe eile a measadh a bheith chun tosaigh san Éirí Amach agus daortar chun báis iad. Cuirtear 14 reibiliúnaigh chun báis i bPríosún Chill Mhaighneann agus cuirtear iad ansin in Arbour Hill. Aistrítear príosúnaigh eile go campaí géibhinn. Cuireadh Thomas Kent chun báis i gCorcaigh. Tar éis a choinneáil i dTúr Londan, cuirtear cúirt ar Ruairí Mac Easmainn agus ar deireadh cuirtear chun báis é (féach 3ú Lúnasa thíos). Dúisíonn na básuithe bá an phobail Éireannaigh a thosaíonn ag tacú le cúis na reibiliúnaithe.




*Cárta poist ó na 1920í ag comóradh na ndaoine a fuair bás le linn Éirí Amach na Cásca. (Cartlanna UCD, P25/114)*

3 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ CHEANNAIRÍ AN ÉIRÍ AMACH


Cuirtear na daoine seo a leanas chun báis: Pádraic Mac Piarais, sínitheoir Fhorógra na Poblachta. Tomás Mac Donnchadha sínitheoir an Fhorógra agus ceannaire ar Dhara Cathlán Óglaigh na hÉireann, i monarcha brioscaí Jacob's; agus Thomas J. Clarke, sínitheoir an Fhorógra, a bhí ar fiannas in Ard-Oifig an Phoist.



*Pádraic Mac Piarais (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (4)*



*Tomás Mac Donnchadha (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (4)*



*Thomas J. Clarke (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (4)*

4 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ CHEANNAIRÍ AN ÉIRÍ AMACH

Cuirtear chun báis na daoine seo a leanas: Seosamh Pluincéad, sínitheoir an Fhorógra, a bhí ar fiannas in Ard-Oifig an Phoist; Liam Mac Piarais, a bhí ar fiannas in Ard-Oifig an Phoist; Edward Daly, a bhí i gceannas ar Chéad Chathlán Óglaigh na hÉireann sna Ceithre Cúirteanna; agus Michael O'Hanrahan, comh-leascheannaire ag Monarcha brioscaí Jacob's.




*Seosamh Pluincéad (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (4)*



*Liam Mac Piarais (faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)*



*Edward Daly (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (7)*



*Michael O'Hanrahan (ó Dublin and the "Sinn Féin Rising", leabhrán le Wilson Hartnell & Co, Cartlanna UCD, P30/47 (18)*

5 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ CHEANNAIRÍ AN ÉIRÍ AMACH

Cuirtear John MacBride, comh-leascheannaire ag Monarcha brioscaí Jacob's, chun báis.



*John MacBride (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (8)*

# 1916

8 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ CHEANNAIRÍ AN ÉIRÍ AMACH

Cuirtear chun báis na daoine seo a leanas: Eamonn Ceannt, sínitheoir an fhorógra agus ceannaire Ceathrú Cathlán Óglaigh na hÉireann, i gceannas ar Aontas Bhaile Átha Cliath Theas; Michael Mallin, Ceann Foirne Arm Cathartha Átha Cliath, i gceannas ar Fhaiche Stiabhna agus ar Choláiste Ríoga na Máinlianna; Seán Heuston, a bhí i gceannas ar rannóg de Chéad Chathlán na nÓglach a ghlac seilbh ar an Institiúid Déircíochta; agus Conn Colbert, captaen ar Chomplacht F de Cheathrú Cathlán Óglaigh na hÉireann agus a bhi i gceannas ar Dhrioglann Lána Mhuire Mhaith.



*Eamonn Ceannt (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (4)*



*Michael Mallin, (Grianghraf le Lorcan Collins, trí irishcentral.com*



*Sean Heuston, (ó Fianna Heroes of 1916, i gCartlann UCD P34/F/64(1)*



*Conn Colbert, captain ar Chomplacht F de Cheathrú Cathlán Óglaigh na hÉireann i gceannas ar Dhrioglann Lána Mhuire Mhaith (from Fianna Heroes of 1916, in UCD Archives P34/F/64(1)*

9 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ CHEANNAIRÍ AN ÉIRÍ AMACH

Cuirtear Thomas Kent chun báis. Níor ghlac Kent páirt san Éirí Amach ach lena linn thug fórsaí Briotanacha sciúird faoina theach i gCorcaigh. Gabhadh é tar éis coimhlint gunnaí, cuireadh cúirt airm air agus cuireadh chun báis é.




*Thomas Kent (ó The Irish Rebellion, 1916)*



12 Bealtaine 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ CHEANNAIRÍ AN ÉIRÍ AMACH

Cuirtear na daoine seo a leanas chun báis: Séamus Ó Conghaile, sínitheoir an Fhorógra agus Ceannfort-Ginearál ar Rannán Átha Cliath in Ard-Oifig an Phoist; agus Sean Mac Diarmada, sínitheoir an Fhorógra, a bhí ar fiannas in Ard-Oifig an Phoist.



*Séamus Ó Conghaile (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916 (bunghrianghraf le Lafayette), i gCartlanna UCD, P104/1348 (14)*



*Sean MacDiarmada (ó The "Sinn Féin" Revolt Illustrated, Aibreán 1916, i gCartlanna UCD, P104/1348 (4)*

31 Bealtaine - 1 Meitheamh 1916

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## CATH NA HIÚTLAINN

Amach ó chósta na Danmhairge a tharlaíonn an cath cabhlaigh is mó den Chogadh, idir cabhlaigh na Breataine agus na Gearmáine. Caillean cabhlach na Breataine níos mó soitheach ná a chéile comhraic ach ní leor an méid sin le baint dá fhorlámhas mara.



*HMS Warspite agus HMS Malaya le linn Chath na hIútlainne (trí Wikimedia Commons).*

1917 1918 1919 1920 1921 1922 1923

1916

4 Meitheamh 1916

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## IONSAÍ BRUSILOV

Déanann fórsaí Rúiseacha dul chun cinn suntasach maidir le críochtheoranna leis an ionsaí ach, mar sin féin, lagaítear Arm na Rúise; cailleann sé cuid mhór dá shaighdiúirí is fearr agus fulaingíonn sé mar gheall ar a línte soláthair a bheith róshínte. Nuair a theipeann ar Arm Habsburg na hionsaithe tosaigh a ruaigeadh is éigean don Ghearmáin teacht i gcabhair air, agus díoltar go daor as sin – ní mór d'Arm Habsburg géilleadh do cheannas na nGearmánach as sin amach.



*Ginearál Rúiseach Aleksei Brusilov (trí Wikimedia Commons)*

1 Iúil - 18 Samhain 1916

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## CATH AN SOMME

Cur síos: Teipeann ar na Comhghuaillithe na Gearmánaigh a ruaigeadh as suíomhanna trinsithe daingne ar bhruacha an Somme. Tar éis seachtain iomlán d'aerthuairgneáil leagann meaisínghunnaí Gearmánacha saighdiúirí na gComhghuaillithe agus iad ag iarraidh latrach an áir a thrasnú – ar an gcéad lá tá 5,000 taismeach ag an 36ú Rannán Ultach, básaíonn 2069 as an méid sin. Leanann cath tnáite fada ina maraítear breis agus milliún duine.



*Fir Raidhfil Ríoga na hÉireann, b'fhéidir an 1ú Chathlán, agus iad i dtrinse ag Cath an Somme (trí Wikimedia Commons)*

8 Meitheamh 1916

IMEACHTAÍ UCD

## I NDIAIDH AN ÉIRÍ AMACH

I ndiaidh an éirí amach, cáineann Augustine Birell, Ardrúnaí Éireann, na "young fools from the National University" a bhí i measc na "instigators and inspirers of this mad revolt." Ar an 8 Meitheamh, tuairiscíonn Madge Calnan i litir chuig James Ryan "there are not half a dozen people in the College who are not Sinn Féiners".



*Gallán Nelson, mar a choncthas é trí fhothracha an GPO (Cartlanna UCD, P80/PH/1).*

3 Lúnasa 1916

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁSÚ RUAIRÍ MHIC EASMAINN

Tar éis trialach ar tugadh an-chuid poiblíochta di, ciontaítear Ruairí Mac Easmainn i dtréas agus crochtar i bPriosún Pentonville é.



*Ruairí Mac Easmainn*

# 1916-17

9 Meán Fómhair 1916

IMEACHTAÍ UCD

## BÁS TOM KETTLE

Faigheann Tom Kettle Bás ag an Somme, tar éis dó a chomplacht a stiúradh in ionsaí ar ionaid Ghearmánacha in Ginchy. Bhí roinnt iarratas déanta aige cead a fháil cúram a dhéanamh sa líne tosaigh sular ghéill údaráis an Airm dá iarratas ar deireadh. Maireann a bhean Mary agus a iníon Elisabeth ina dhiaidh. Cúpla lá roimh a bhás, scríobhann sé soinéad dá iníon áit a ndeir sé faoi féin agus faoina chomhbhádóirí "Died not for flag, nor King, nor Emporor/ But for a dream, born in a herdsman's shed/and for the secret Scripture of the poor." Deir Oliver St John Gogarty go raibh "many eyes wet with tears in Dublin when they heard of Tom's death."



*Kettle le linn a óige (Bailiúcháin speisialta Leabharlann UCD, Grianghraif Bhailiúchán Curran, CUR P 41).*



*Dreapann saighdiúirí Briotanacha amach as a ndíog le linn Chath Ginchy (grianghraf ag Brooks Ernest, as na bailiúcháin ag an Imperial War Museum, Q1302, ceadaithe faoi Fhearann Poiblí, via Wikimedia Commons).*

**BREIS EOLAIS::**

- **CENTURY IRELAND:** Beatha agus Bás Tom Kettle *http://www.rte.ie/centuryireland/watch/the-life-and-death-of-tom-kettle*

# 1917

5 Feabhra 1917

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUANN AN CUNTA PLUINCÉID FOTHOGHCHÁN

Buann Seoirse Pluincéid, a chuaigh leis an bpolaitíocht nuair a cuireadh a mhac, Seosamh, chun báis i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, buann sé suíochán i bhfothoghchán Ros Comáin Thuaidh. Faigheann Pluincéid 3,022 vóta i gcomórtas leis an 1,708 vóta a caitheadh ar son iarrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus an 687 vóta a caitheadh ar son Jasper Tully, neamhspleách. I mí na Bealtaine, buann Joseph McGuinness suíochán eile don pháirtí i bhfothoghchán an Longfoirt Theas.



*George Uasal Pluincéád, agus a bhean Mary i mBaile Átha Cliath ("Count Plunkett" le Agence Rol, Leabharlann Náisiúnta na Fraince , via Wikimedia Commons)"*




6 Aibreán 1917

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## FÓGRAÍONN SAM COGADH AR AN NGEARMÁIN

Tar éis don Ghearmáin iarracht a dhéanamh comhaontas a dhéanamh le Meicsiceo, agus de thoradh ar an bhfearg mhór phoiblí mar gheall ar bhá an Lusitania, fógraíonn Woodrow Wilson cogadh ar an nGearmáin.



*Impíonn Uachtarán Woodrow Wilson ar an gComhdháil cogadh a fhógairt ar an nGearmáin, 2 Aibreán 1917 (trí Wikimedia Commons).*

10 Iúil 1917

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUANN ÉAMON DE VALERA FOTHOGHCHÁN

Tar éis bhás Bhall Phairliminte Willie Redmond, deartháir Chathaoirleach Pháirtí Pairliminte na hÉireann ag cath Messines Ridge sa Bheilg, reachtáiltear toghchán áitiúil in Oirthear Clár. Buann Éamonn de Valera, iarrthóir Shinn Féin, ar Patrick Lynch ó Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann nuair a fhaigheann sé tromlach 2,975 vóta.



*Éamon de Valera (National Photo Company [Fearainn poiblí], via Wikimedia Commons).*

# 1917

25 Iúil 1917

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## AN CHÉAD CHRUINNIÚ DE CHUID CHOMHDHÁIL NA HÉIREANN

Cuirtear ar siúl an chéad chruinniú de chuid Chomhdháil na hÉireann i gColáiste na Tríonóide agus Sir Horace Plunkett ina chathaoirleach air. David Lloyd George a ghaireann an Chomhdháil agus é ag iarraidh teacht ar réiteach maidir le féinrialú na hÉireann. Is iad baill Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann is mó a stiúrann an Chomhdháil tar éis do Shinn Féin diúltú páirt a ghlacadh ann.



*Coláiste na Tríonóide agus, i lár an chúlra, Teach an Leasrí, áit a raibh an Chomhdháil ar siúl ("Parliament Square from the Graduates Memorial Building (GMB) - geograph.org.uk – 1742048" le Eric Jones, arna cheadú ag CC BY-SA 2.0 via Wikimedia Commons).*

25 - 27 Deireadh Fómhair 1917

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TOGHTAR ÉAMON DE VALERA INA UACHTARÁN AR SHINN FHÉIN AGUS AR ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Ag comhdháil i mBaile Átha Cliath, athraíonn Sinn Féin a threo ar fad agus an páirtí anois faoi anáil ghluaiseacht an náisiúnachais. Toghtar Éamon de Valera ina Uachtarán ar an bpáirtí de rogha ar Art Ó Gríofa, nach gcuireann i gcoinne thoradh an toghcháin. Ar 27 Deireadh Fómhair, toghtar de Valera ina Uachtarán ar Óglaigh na hÉireann freisin agus baineann Cathal Brugha agus Mícheál Ó Coileáin áiteanna amach ar an bhfeidhmeannas náisiúnta.



*Éamon de Valera (National Photo Company [Fearann poiblí], via Wikimedia Commons).*

25 - 26 Deireadh Fómhair 1917

IMEACHTAÍ UCD

## COMHAONTACHT MHIC NÉILL – DE VALÉRA

Bíodh is nár ghlac sé aon pháirt san Éirí Amach, gabhadh Eoin Mac Néill agus cuireadh i bpríosún é chomh maith leo siúd a d'éirigh amach. Le linn a chuid ama i bpríosún Lewes, mhúin sé ranganna Gaeilge agus staire. D'éirigh cairdeas idir é agus Eamon de Valéra, duine lenar phléigh sé gnóthaí eolaíochta. Arna scaoileadh saor ó phríosún, agus é ag fuireach lena athcheapadh in UCD, chuaigh Mac Néill i mbun feachtais ar son de Valéra i bhfothoghchán Oirthear an Chláir. Cinntíonn an chomhaontacht a thagann chun cinn le linn na míonna seo go seachnaítear deighilt i measc lucht leanúna na beirte agus cinntíonn sé go nglacann de Valéra, agus ní George Noble Plunkett, ceannas ar Shinn Féin ag ardfheis an pháirtí i nDeireadh Fómhair 1917.



*Grianghraf de phríosúnaithe de chuid an Éirí Amach go gairid tar éis a scaoilte saor, Meitheamh 1917 (Cartlanna UCD, LA30/PH392).*



*Léiríonn sonraí an ghrianghraif MacNeill agus deValera ina suí le hais a chéile.*

7 Samhain 1917

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## AN RÉABHLÓID RÚISEACH

Gabhann réabhlóidithe Boilséiveacha, faoi cheannas Vladimir Illich Lenin, foirgnimh Rialtais i bPetrograd. Thar na seachtainí, na míonna agus na blianta atá le teacht cuireann na Boilséivigh Rialtas sóisialach ar bun sa Rúis chun stát Sóivéadach a chruthú.



*Na Gardaí Dearga, faoi thionchar na mBoilséiveach, lasmuigh de mhonarcha Vulkan i 1917 (via Wikimedia Commons).*

# 1917-18

20 Samhain - 7 Nollaig 1917

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## CATH CAMBRAI

Ionsaíonn fórsaí Briotanacha, faoi cheannas an Ghinearáil an Ridire Julian Byng, líne Hindenburg na nGearmánach. Déanann na Briotanaigh dul chun cinn suntasach sula ruaigtear ar ais iad. Gné shuntasach den chath seo is ea úsáid fhorleathan tancanna, cleachtadh a thagann chun cinn sa Chogadh ina dhiaidh seo.



*Tanc arna scriosadh i gCath Cambrai (Bundesarchiv Bild 104-0937A, trí Wikimedia Commons)*

# 1918

Márta 1918

IMEACHTAÍ UCD

## CEAPADH UÍ MHAOLCHATHA MAR CHEANN FEADHNA AR AN IRA

Ceaptar Risteard Ó Maolchatha, mac léinn leighis dara bliana in UCD, mar Cheann Feadhna an IRA. Éiríonn sé as an staidéar bliain níos déanaí leis na freagrachtaí breise a tháinig leis an gceapachán sin. Coimeádann sé oifig i halla na Ceimice i Roinn na Síceolaíochta ar Ardán Phort an Iarla, áit a gcuireann sé i gcrích a chuid cúraimí mar Cheann Feadhna.



*Risteard Ó Maolchatha ina fheisteas airm (Cartlanna UCD, P80/PH/164).*




11 Márta 1918

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## AN FLIÚ SPÁINNEACH

I mbunáit mhíleata i Kansas briseann ráigeanna rígheára de chineál fliú amach, a dtuigtear iad níos déanaí a bheith ar na cásanna tosaigh den fhliú Spáinneach. Thar an mbliain atá le teacht, maraíonn an cineál fliú seo tuairim is 50,000,000 duine.



*Víreas an Fhliú Spáinnigh. Griangraf le Cynthia Goldsmith, le caoinchead ón Dr. Terrence Tumpey & Cynthia Goldsmith, Lárionad um Ghalair a Rialú agus a Chosc (trí Wikimedia Commons).*

21 Márta - 18 Iúil 1918

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## IONSAÍ AN EARRAIGH

Is é seo an seans deireanach ag ceannairí Arm na Gearmáine an Cogadh a bhuachan sula n-éiríonn na Comhghuaillithe róláidir, atá á dtacú anois ag na saighdiúirí Meiriceánacha. Ainneoin go ndéanann siad dul chun cinn suntasach, teipeann ar na Gearmánaigh polladh trí línte na gComhghuaillithe. Agus é lagaithe mar gheall ar chailleadh a chuid saighdiúirí is fearr agus bacaithe mar gheall ar róshíneadh na línte soláthair, tá Arm na Gearmáine anois leochaileach agus i mbaol frith-ionsaithe ó na Comhghuaillithe. I lár mhí Iúil 1918 cuireann fórsaí Francacha agus Meiriceánacha tús le hionsaí agus leanann Arm na Breataine le hionsaí dá chuid féin i Lúnasa 1918. Cor i gciniúint an Chogaidh is ea é.



*Téann tanc Gearmánach trí bhaile Roye, sa Fhrainc, ar an gcéad lá den ionsaí (Bundesarchiv Bild 183-P1013-316, "Westfront, deutscher Panzer in Roye" trí Wikimedia Commons).*


# 1918

21 Aibreán 1918

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SÍNÍONN NÁISIÚNAITHE GEALL GO GCUIRFIDH SIAD I GCOINNE AN CHOINSCRÍOFA

Sínítear geall i gcoinne an choinscríofa ar fud na tíre mar fhreagra ar an mBille um Sheirbhís Mhíleata a ritheadh i dTeach na dTeachtaí. De réir an bhille sin, is féidir le rialtas na Breataine an coinscríobh a chur i bhfeidhm ar fhir Éireannacha atá in aois seirbhíse míleata. Is é an Irish Anti-Conscription Committee a thugann an geall isteach ar dtús, coiste ar a bhfuil ceannairí móra náisiúnaithe, ina measc Éamon de Valera, John Dillon agus Art Ó Gríofa. Tacaíonn an Eaglais Chaitliceach leis an ngeall agus léiríonn sé go bhfuil pobal na hÉireann ag dul i gcoinne an chogaidh anois. Cé gurb é Páirtí Parlaiminteach na hÉireann is mó a chuireann i gcoinne an Bhille i Westminster, is é Sinn Féin is glóraí faoin bhfeachtas i gcoinne an choinscríofa agus téann siad i bhfeidhm ar go leor de mhuintir na tíre.




*John Dillon ag caint ag mórchruinniú i gcoinne an choinscríofa i mBealach an Doirín, Co. Ros Comáin (cóip den bhunleagan ar fáil ag Ard-Músaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath; via Wikimedia Commons).*

TUILLEADH EOLAIS:

- HISTORY HUB
  An tOllamh Michael Laffan, The Irish Revolution, léacht 5, Aftermath of the 1916 Rising and 1917 By-Elections:
  *http://historyhub.ie/aftermath-of-the-rising-and-1917-by-elections-the-irish-revolution-lecture-5*

11 Samhain 1918

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## SOS COGAIDH

Agus an chuma ar an scéal go bhfuil Comhghuaillithe dochloíte déanann ceannas na Gearmáine iarracht an Cogadh a thabhairt chun críche. Glactar leis an an Sos Cogaidh go foirmiúil i gcarráiste an Ghinearáil Ferdinand Foch i bhForaois Compiègne, an Fhrainc. Ó thosaigh an Cogadh fuair níos mó ná 16 mhilliún duine bás, lena n-áirítear tuairim agus 7 milliún sibhialtach.



*Ionadaithe ón bhFrainc, ón nGearmáin agus ón mBreatain lasmuigh de charráiste an Ghinearáil Foch i bhForaois Compiègne, mar ar glacadh leis an Sos Cogaidh. "Armisticetrain" in F.ex. Jan DĐbrowski, Wielka wojna 1914-1918, Várśá 1937 (trí Wikimedia Commons).*




11 Samhain 1918

IMEACHTAÍ UCD

## ARMISTICE

Comórann Uachtarán UCD Denis Coffey an dream a cailleadh sa Chogadh ina thuairisc don bhliain 1917/18, "I hope that a place may be found in our new buildings for those who, as we knew them, had the promise of high careers and included not a few of exceptional distinction. They are all gallant, good, true-hearted Irishmen."



*Uachtarán UCD Denis Coffey (via ucd.ie)*




*Léiriúchán ar shaighdiúirí gortaithe ag filleadh ón gcath (Illustrated London News, cóipeanna iomlána de ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann).*

14 Nollaig 1918


IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUANN SINN FÉIN AN T-OLLTOGHCHÁN GAN CHOINNE

Tar éis dóibh an lá thabhairt leo i bhfothoghcháin 1917, buann páirtí Éamon de Valera an chéad olltoghchán tar éis an Chogaidh Dhomhanda. Faigheann an páirtí 73 suíochán, gan ach 26 ceann ag an bPáirtí Aontachtach agus 6 cinn ag Páirtí Parlaiminteach na hÉireann. Léiríonn toradh an toghcháin go bhfuil deireadh ré buailte leis an bPáirtí Parlaiminteach agus go bhfuil Éirí Amach na Cásca tar éis dul i bhfeidhm go mór ar phobal na hÉireann trí chéile, iad anois i bhfad níos fabhraí le gluaiseacht an náisiúnachais. Díol suntais sa toghchán freisin is ea bua Constance Markievicz, an chéad bhean a toghadh ar Theach na dTeachtaí sa Bhreatain. Ní ghlacann Markievicz lena suíochán i Westminster, áfach, mar roghnaíonn Sinn Féin gan freastal ar thithe an rialtais.




*Cuid de phóstaer toghchánaíochta Shinn Féin i 1918 agus ráiteas le D.D. Sheehan MP air (Fearann poiblí, via Wikimedia Commons).*



On Tuesday, February 11th, His Majesty will open Parliament in person. An address will be moved and seconded in answer to the Gracious Speech from the Throne.

I hope you may find it convenient to be in your place.

*An cuireadh a tugadh don Dr James Ryan freastal ar oscailt oifigiúil Pharlaimint na Breataine tar éis é a bheith tofa é i 1918 (Cartlann UCD, P88/290/6).*

TUILLEADH EOLAIS:

- HISTORY HUB
  An tOllamh Michael Laffan, The Irish Revolution, léacht 6, The 1918 General Election:
  *http://historyhub.ie/the-1918-general-election-the-irish-revolution-lecture-6*

1920 1921 1922 1923


# 1918-19

14 Nollaig 1918

IMEACHTAÍ UCD

## TOGHCHÁIN 1918

Toghtar scata baill foirne agus céimithe ó UCD ar chlár Shinn Féin, ina measc siúd tá Caoimhín Ó hUigín, James Ryan agus Pat McCartan. Sa toghchán le haghaidh shuíochán parlaiminte OÉ, buann Eoin Mac Néill ar iarrthóir Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann Arthur Conway le 1,644 vóta i gcoinne 813.



An cuireadh a tugadh don Dr James Ryan chun freastal ar oscailt stáit Pharlaimint na Breataine nuair a toghadh é i 1918 (Cartlanna UCD, P88/290(6))



Dáil Éireann

An Ceud Tionól

Dia Máirt, 21 Eanair, 1919.


Nóta a thug an Dr. James Ryan do chara leis ag tabhairt cead dó a bheith i láthair ag cruinniú den chéad Dáil (Cartlanna UCD, P88/290(7))

8 Feabhra 1919

IMEACHTAÍ UCD

## TOGHTAR DE VALÉRA MAR LEAS-UACHTARÁN AR AN L&H

Tuairiscíonn an Irish Times maidir le cruinniú de Chumann Liteartha agus Stairiúil UCD, "a resolution was passed, on a motion of Mr Sullivan, seconded by Mr J Sheehan, adding the name of Mr. de Valera to the list of Vice-Presidents of the Society. A copy of the resolution was afterwards sent to Mr. De Valera."




Suaitheantas an L&H (faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)

# 1919

21 Eanáir 1919


IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TÚS CHOGADH NA SAOIRSE

I dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath, tagann ionadaithe tofa Shinn Féin le chéile leis an gCéad Dáil a chur ar siúl. I seisiún a reáchtáiltear as Gaeilge, daingníonn an Dáil a Bhunreacht féin agus ritear "Clár Oibre Poblacánaighe". Agus Éamon de Valera i bpríosún, toghtar Cathal Brugha ina Uachtarán sealadach ar an Dáil. Ar an lá céanna, déanann baill de Thríú Briogáid Thiobráid Árann luíochán ar bheirt chonstábla RIC ag Sulchóid Bheag i dTiobráid Árann. Breathnaítear ar an ionsaí mar thús oifigiúil le Cogadh Saoirse na hÉireann. Dhá lá ina dhiaidh sin, fógraíonn rialtas na Breataine gur limistéar míleata speisialta é Tiobráid Árann Theas agus cuirtear faoi choimirce an Achta um Chosaint na Ríochta é.



Grianghraf den chéad Dáil, 10 Aibreán 1919 (via Wikimedia Commons).



An cuireadh a thug Seoirse Pluincéid do Desmond Fitzgerald freastal ar an gcéad Dáil (Cartlann UCD, P80/653).

TUILLEADH EOLAIS:


- HISTORY HUB
  An tOllamh Michael Laffan, The Irish Revolution, léacht 7, The War of Independence/Anglo-Irish War: *http://historyhub.ie/the-war-of-independence-the-irish-revolution-lecture-7*

Márta 1919

IMEACHTAÍ UCD

## ALT "RESURGAMUS" SA NATIONAL STUDENT

Sa National Student , irisleabhar mhic léinn UCD, foilsítear alt dar teideal `Resurgamus' a impíonn ar chomhaltaí de Chomhairle Ionadaitheach na Mac Léinn "to defy the forces of West Britonism in the University". San am céanna, comhthoghann an SRC ionadaithe IRA ó gach dámh.




Barrtheideal an National Student (Leabharlann UCD)

# 1919-20

28 Meitheamh 1919

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## SÍNÍTEAR CONRADH VERSAILLES

Tar éis cúig mhí de chomhráití ag Comhdháil Síochána Pháras sínítear Conradh Versailles. Gearrtar coinníollacha diana ar an nGearmáin leis an gConradh, a bhaineann dá sealúchas tíre agus dá críochtheoranna. Ordaítear go mbeidh ar an nGearmáin aisdúichithe a íoc le buaiteoirí an Chogaidh; an figiúr beacht a shocraítear níos déanaí ná 132 bhilliún marg óir.




*Cárta poist a léiríonn dul isteach samhalta na hÉireann ag Comhdháil Síochána Pháras, mar ar pléadh Conradh Versailles. (UCDA, P117/84).*

# 1920

16 Eanáir 1920

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## COSC AR ALCÓL I MEIRICEÁ

I Stáit Aontaithe Mheiriceá tagann an tOchtú Leasú Déag i bhfeidhm, a thoirmeascann díol agus táirgeadh deochanna meisciúla. Tá feidhm ag an reacht seo go dtí 1933 nuair a aisghairmtear é.



*Doirtear biotáille isteach i gclais tar éis an cosc ar alcól a thabhairt isteach (trí Wikimedia Commons).*



25 Feabhra 1920

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TUGTAR AN BILLE UM RIALTAS NA HÉIREANN ISTEACH I DTEACH NA DTEACHTAÍ

Moltar sa Bhille seo dhá pharlaimint éagsúla Rialtas Dúchais a bheith ann, ceann do thuaisceart na hÉireann agus ceann eile don deisceart.



*Walter Hume Long, an ceannaire ar an Committee for Ireland ag comh-aireacht na Breataine, a throid ar son dhá pharlaimint Rialtas Dúchais a chur i bhfeidhm in Éirinn (ó The Thompson Yates and Johnston Laboratories Report V (I): vii. Liverpool University Press, London arna cheadú faoin bhFearann Poiblí via Wikimedia Commons).*

25 Deireadh Fómhair 1920

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## FAIGHEANN TOIRDHEALBHACH MAC SUIBHNE BÁS TAR ÉIS STAILC OCRAIS

Básaíonn Toirdhealbhach Mac Suibhne, Tiarna Méara Chorcaí agus ceannfort Chéad Bhriogáid Chorcaí san IRA, tar éis dó a bheith ar stailc ocrais ar feadh 74 lá. Cáintear an Bhreatain go mór as a bhás. Measadh gur mharaigh an RIC a réamhtheachtaí, Tomás Mac Curtain, níos túisce sa bhliain.



*Toirdhealbhach Mac Suibhne (arna cheadú faoin bhFearann Poiblí via Wikimedia Commons).*

# 1920

1 Samhain 1920


IMEACHTAÍ UCD

## BÁSÚ CHAOIMHÍN DE BARRA

Cuirtear Caoimhín de Barra, mac léinn leighis 20 bliain d'aois ó UCD, chun báis i bPriosún Mhuinseó mar gheall ar an ról a bhí aige in ionsaí ar an 20 Meán Fómhair inar maraíodh triúr saighdiúirí Briotanacha. Tar éis dó foghlaim faoin bpianbhreith báis, scríobhann sé litir chuig cara leis ina gcuireann sé in iúl a "sad grath from me to all the girls in UCD". Tagann a bhás seachtain i ndiaidh bhás Thoirdhealbhaigh Mhic Shuibhne agus tarraingíonn an dá bhás aird ar chúis na bPoblachtánach.



*Pórtráid de Chaoimhín de Barra (Cartlanna UCD, P80/PH/175)*



*Cóip chlóite de litir a chuir sé chuig cara leis san Ollscoil (Cartlanna UCD, P93/21)*

2 Samhain 1920

IMEACHTAÍ UCD

## SCIÚIRDEANNA AR UCD

Tagann géire leis an gcoimhlint tar éis bhású Chaoimhín de Barra agus tar éis na n-eachtraí ar Dhomhnach na Fola, 21 Samhin, 1920. Ar an lá i ndiaidh bhás de Barra, déanann Saighdiúirí cúnta cuardach san Ollscoil. Tá cuimhne ag John Mowbray, a bhí sa chéad bhliain de chéim leighis ag an am, ar chomhmhic léinn leis, "whom I regarded as harmless callow youths, produce massive revolvers and sheafs of papers and hand them to even less guileful waitresses, who were, of course, members of the College Cumann na mBan". Ar ócáid eile déantar sciúird ar theach an Ollaimh Mhichíl Uí Aodha. Cé go ngabhann na húdaráis roinnt cáipéisí rúnda cailleann siad an deis Risteard Ó Maolchatha a ghabháil nuair a éalaíonn sé trí fhuinneog dín.



*Ó Maolchatha faoi éide shaighdiúra (faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)*



*An tOllamh Mícheál Ó hAodha níos deireanaí ina shaol (Cartlanna UCD)*



21 Samhain 1920

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## DOMHNACH NA FOLA

Tar éis feallmharú 14 gníomhaire rúnda de chuid na Breataine ag aonad ceilte de chuid an IRA, scaoileann fórsaí na Corónach ag cluiche peile idir Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann i bPáirc an Chrócaigh agus cailltear 12.



*Ball de na Dúchrónaigh i mBaile Átha Cliath (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ceadaithe faoi Fhearann Poiblí, via Wikimedia Commons).*

28 Samhain 1920

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## LUÍOCHÁN CHILL MHICHÍL

Cuireann an 3ú Briogáid den IRA i gCorcaigh luíochán ar phatról de chuid na bPóilíní Cúnta i gCill Mhichíl, Co. Chorcaí. Maraítear gach duine den 18 sa phatról.



*Teach loiscthe, a dhóigh na Póilíní Cúnta mar dhíoltas ar Luíochán Chill Mhichíl (Cartlanna UCD, P80/PH/16).*

1921 1922 1923

# 1920

11 Nollaig 1920

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## LOISCTEAR CATHAIR CHORCAÍ

Déanann na Póilíní Cúnta agus na Duchrónaigh léirscrios ar Chathair Chorcaí go ndéantar fothracha de roinnt foirgneamh, Halla na Cathrach agus an Malartán Arbhair ina measc. Maraítear beirt óglach IRA agus déantar díobháil sa chathair dar luach £2 ½ milliún, tuairim is Ð150 milliún in airgead an lae inniu.



*Tram loiscthe ar Shráid Phádraig, Cathair Chorcaí (Cartlanna UCD, P80/PH/17).*



*Fothracha Halla Cathrach Chorcaí (P80/PH/18).*

23 Nollaig 1920

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## ACHTAÍTEAR BILLE RIALTAS NA HÉIREANN

Achtaítear Bille Rialtas na hÉireann, rud fhágann go ndeighiltear Éire. Rialaítear 6 Chontae Uladh ag Rialtas Dúchais in Stormont, fad a leanann Sinn Féin lena mbeartas staonta, rud a fhágann an pharlaimint Rialtas Dúchais i mBaile Átha Cliath gan feidhm.



*Teorainn úr na hÉireann*



# 1921

10 Feabhra 1921

IMEACHTAÍ UCD

## ÉALAÍONN Ó MAOLCHATHA ARÍS

Déantar sciúird ar árasán Paul Farrell ar Shráid Fhreidric Theas ach teipeann orthu Risteard Ó Maolchatha a ghabháil. Cuimhníonn an Maolchathach níos déanaí go raibh sé "quite all right in UCD" an oíche áirithe sin. I rith na tréimhse corraithí seo den Chogadh baineann Ó Maolchatha úsáid rialta as a oifig in Ardán Phort an Iarla mar bhunáit le ról mar Cheann Foirne an IRA a chomhlíonadh.




*Póstaer ag léiriú Risteard Uí Mhaolchatha, "Brilliant Strategist of Easter Week" (Cartlanna UCD, P104/1350)*

14 Márta 1921

IMEACHTAÍ UCD

## BÁSÚ FRANK FLOOD

Tá Frank Flood, mac léinn innealtóireachta UCD, ar an seisear Óglach a chuirtear chun báis mar gheall ar an ról a bhí aige in ionsaí ar na póilíní i mí Eanáir. Deirtear gur "great chum" le Caoimhín de Barra é; is iad is óige de na hÓglaigh a chuirtear chun báis le linn Chogadh na Saoirse.



*Pórtráid de Frank Flood (le Keogh Brothers, Sráid Dorset, Baile Átha Cliath, trí Wikimedia Commons)*

1922 1923

# 1921

9 Iúil 1921

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## FÓGRAÍTEAR SOS COGAIDH IDIR AN IRA AGUS FÓRSAÍ NA CORÓNACH

Fógraítear sos cogaidh idir fórsaí na Breataine agus na hÉireann a thagann i bhfeidhm ag meánlae ar an 11 Iúil. Maraíodh breis is 2,000 duine sa choimhlint go dtí sin, 550 óglach IRA, 410 ball den RIC agus 700 saoránach.



*Éamon de Valera le baill thoscaireacht na hÉireann i Londain, Iúil 1921 (Illustrated London News, ó Ireland's Civil War le Carlton Younger, Londain, 1968, lch 140).*



*Slua ag Teach an Ard-Mhéara, BÁC, roimh fhógairt sos cogaidh ar an 8ú Iúil, 1921 (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ceadaithe faoi Fhearann Poiblí, (trí Wikimedia Commons).*

29 Iúil 1921

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## TOGHTAR HITLER MAR THAOISEACH AR AN BPÁIRTÍ NAITSÍOCH

Tar éis dó ballraíocht iomlán a ghlacadh i bPáirtí Gearmánach na nOibrithe an bhliain roimhe, toghtar Adolf Hitler mar thaoiseach ar an bpáirtí ar athraíodh a hainm idir an dá linn go dtí Páirtí Náisiúnta Sóisialach na nOibrithe. Tamall de bhlianta ina dhiaidh seo, cumfaidh sé an teideal 'Der Führer' dó féin, a thabharfaidh údarás dosháraithe dó.




*Cárta ballraíochta Adolf Hitler do Pháirtí Gearmánach na nOibrithe (DAP) (trí Wikimedia Commons).*

9 Iúil 1921

IMEACHTAÍ UCD

## FAIGHEANN O'MALLEY SCÉALA FAOIN SOS COGAIDH

I ndeisceart Thiobraid Árainn dó faigheann Ernie O'Malley, a bhí tar éis éirí as an gcéim leighis i UCD le linn Éirí Amach na Cásca, teachtaireacht ó Cheann Foirne an IRA Risteard Ó Maolchatha a chuireann in iúl gur mar gheall ar thús na gcomhráití síochána, "active operations by our forces will be suspended as from noon, Monday, 11 July." Bhí O'Malley tar éis limistéar daingean IRA a dhéanamh de Thiobraid Árainn le linn na coimhlinte agus cé go scríobhann sé go raibh sé "bewildered" mar gheall ar an ordú, chuir sé an teachtaireacht ar aghaidh mar sin féin chuig na cúig bhriogáid den IRA a bhí faoina cheannas.



*Ernie O'Malley (Helen Hooker, Fearann Poiblí)*

11 Deireadh Fómhair 1921

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SEOLTAR IDIRBHEARTAÍOCHTAÍ IDIR RIALTAS NA BREATAINE AGUS IONADAITHE NA DÁLA

Tar éis cainteanna idir Éamon de Valera agus David Lloyd George, tagann toscaireacht de lánchumhachtaigh Éireannacha chomh fada le Londain faoi cheannaireacht Art Ó Gríofa chun tús a chur le cainteanna le hionadaithe Rialtas na Breataine.



*Art Ó Gríofa, ceannaire thoscaireacht na hÉireann (ceadaithe faoi Fhearann Poiblí, (trí Wikimedia Commons).*



*Siúlann Art Ó Gríofa Griffith, Art O'Brien agus Mícheál Ó Coileáin céimeanna 10 Downing St chun tús a chur le hidirbheartaíochtaí Conartha (Central Press Photos Teo., ó Ireland's Civil War le Carlton Younger, Londain, 1968, lch 141).*

# 1921

11 Deireadh Fómhair 1921

IMEACHTAÍ UCD

## UCD AG COMHRÁITÍ AN CHONARTHA

Cuireann Charles Hubert Oldham, comharba Tom Kettle mar Ollamh le hEacnamaíocht Náisiúnta i UCD, cruinnithe fáisnéis airgeadais ar fáil don toscaireacht Éireannach le linn chomhráití faoin gConradh Angla-Éireannach. Feidhmíonn céimí dlí de chuid UCD Hugh Kennedy mar chomhairleoir dlí, agus glacann comhchéimithe leis Jeremiah Joseph O'Connell agus Fionán Lynch áiteanna ar an bhfoireann rúnaíochta.



*Fionán Lynch ag cruinniú toghchánaíochta sna 1920í (Faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)*

19 Samhain 1921

IMEACHTAÍ UCD

## CEAPTAR DE VALÉRA MAR SHEANSAILÉIR AR OÉ

Ag fáiltiú foirmiúil in Ardán Phort an Iarla ceaptar Éamon de Valéra mar sheansailéir ar Ollscoil na hÉireann. Chaith de Valéra tréimhse mar mhac léinn iarchéime i UCD sular iompaigh sé ina réabhlóidí.



*Glacadh oifigiúil Éamon de Valera mar sheansailéir ar OÉ (ó UCD, A National Idea: The History of University College Dublin, le Donal McCartney, Baile Átha Cliath, 1999, p. 41)*



*De Valéra ag céimniú (Cartlanna UCD, P150/32, le caoinchead ó Phairtnéireacht Ord na mBráithre Mionúra – UCD)*




6 Nollaig 1921

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SÍNÍTEAR AN CONRADH ANGLA-ÉIREANNACH

Tar éis dhá mhí idirbheartaíochta, síníonn toscaireachtaí na Breataine agus na hÉireann an Conradh Angla-Éireannach. Bronnann an Conradh stádas tiarnais ar Éirinn, mar a chéile leis an Astráil, Ceanada agus an Nua-Shéalainn. Tugtar an rogha do Thuaisceart Éireann tarraingt siar ón socrú úr seo, áfach. Cuirfear deireadh le riarachán na Breataine i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, fad a dtarraingeoidh fórsaí na Corónach siar as Éirinn, ach fanfaidh trí chalafort faoi smacht Chabhlach na Breataine. Bíodh is go bhfuil sí sínithe, caithfidh ionadaithe tofa na Breataine agus na hÉireann é a dhaingniú. Cruthaíonn stádas débhríoch na lánchumhachtach Éireannach roimh na hidirbheartaíochtaí deacrachtaí sna díospóireachtaí Dála a leanann.



*Leathanach na sínithe den Chonradh Angla-Éireannach (Ceadaithe faoi Fhearann Poiblí, via Wikimedia Commons).*

**BREIS EOLAIS:**

- HISTORY HUB
  An tOll. Michael Laffan, The Irish Revolution, lecture 8, The Anglo-Irish Treaty:
  *http://historyhub.ie/anglo-irish-treaty-the-irish-revolution-lecture-8*

14 Nollaig 1921 - 6 Eanáir 1922

IMEACHTAÍ UCD

## DÍOSPÓIREACHTAÍ MAIDIR LEIS AN GCONRADH IN ARDÁN PHORT AN IARLA

Ar iarratas an dara Dáil reáchtáiltear na díospóireachtaí maidir leis an gConradh Angla-Éireannach i Seomra Seanaid UCD in Ardán Phort an Iarla. As na heasaontais a thagann chun cinn le linn na ndíospóireachtaí a eascraíonn an Cogadh Cathartha agus tá tionchar mór acu ar pholaitíocht agus ar shaol na hÉirean tríd síos.

*Radharc iomrothlach de UCD Sraith Earlsfort ag taispeáint teacht na dteachtaí i rith dhíospóireachtaí an Chonartha, 3 Eanáir 1922 (Arcíveanna UCD ...)*



1923

# 1922

1 Eanáir 1922

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## BUAICPHOINTE IMPIREACHT NA BREATAINE

Ag tús na bliana 1922, baineann Impireacht na Breataine a buaicphointe amach i ndáil lena raon sealúchais tíre, a chuimsíonn aon cheathrú de thalamh an domhain agus thart ar 458 milliún duine.



*Conaidhm Impiriúil, Léarscáil domhanda a léiríonn fairsinge Impireacht na Breataine in 1886, (leibhéalta) le Walter Crane (trí Wikimedia Commons).*

7 Eanáir 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## DAINGNÍONN AN DÁIL AN CONRADH

Tar éis mí tréandíospóireachta, glacann an Dáil leis an gConradh le vóta 64 in aghaidh 57. Tarlaíonn roinnt babhtálacha teasaí le linn na ndíospóireachtaí. Maíonn an dream atá i gcoinne an Chonartha nach bhfuil an t-aontú gairid go leor don phoblacht ardcheannasach ar throideadar ar a son; deir Mícheál Ó Coileáin gurb é a chuireann an Conradh ar fáil ná "freedom, not the ultimate freedom that all nations desire...but the freedom to achieve it." Tar éis an toraidh, siúlann Éamon de Valéra agus a leathbhádóirí, a labhair i gcoinne an Chonartha, amach as an seomra. Dhá lá ina dhiaidh sin, toghtar Art Ó Gríofa ina Uachtarán nua ar an Dáil.



P88/290 (15)

DAIL EIREANN

SIOSON, ... MI NA NODLAG, 1921.

TICEUD TEACHTA

Ainm: Séamus Ó Riain, Dochtúir

Dáil-Cheanntar: Loc Garman ... Mól

*Cárta a thug cead isteach sa Dáil don Dr James Ryan don chéad lá díospóireachta ar an gConradh (Cartlann UCD, P88/290(15)).*

**BREIS EOLAIS:**

- HISTORY HUB
  An tOll. Michael Laffan, The Irish Revolution, lecture 9, Reaction to the Treaty and the lead up the the Irish Civil War:
  *http://historyhub.ie/reaction-to-the-treaty-irish-revolution-lecture-9*



14 Eanáir 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUNAÍTEAR RIALTAS SEALADACH NA HÉIREANN

Tagann an sciar de Shinn Féin atá ar son an Chonartha i gcumhacht faoin teideal an Rialtais Shealadaigh. Tá Mícheál Ó Coileáin ina Chathaoirleach agus ina Aire Airgeadais araon sa Rialtas Sealadach. Dhá lá ina dhiaidh sin, tagann deireadh le riarachán na Breataine ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ag searmanas foirmiúil seachadta.




*Na focail "Rialtas Sealadach na hÉireann 1922" clóite ag barr stampa poist 2p de chuid na Breataine (Ceadaithe faoi Fhearann Poiblí, via Wikimedia Commons).*

14 Aibreán 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## GABHANN POBLACHTÁNAIGH NA CEITHRE CÚIRTEANNA

Gabhann Ruairí Ó Conchubhair agus timpeall 200 poblachtánach frith-Chonartha eile na Ceithre Cúirteanna agus roinnt foirgneamh eile, an Oifig Ballasta agus Halla na Máisiún ar Shráid Theach Laighean ina measc. Cuireann gabhadh na bhfoirgneamh a mhaireann thar thréimhse breis agus dhá mhí le teannas idir na rannóga i Sinn Féin.



*Na Ceithre Chúirt i 1922 (Cartlanna UCD, P80/PH/22).*

1923

# 1922

16 Meitheamh 1922


IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## OLLTOGHCHÁN NA HÉIREANN

Tá an lámh in uachtar ag sciar Shinn Féin atá ar thaobh an Chonartha nuair a bhaineann siad amach 58 suíochán mar shárú ar an 36 suíochán a bhaineann sciar frith-Chonartha Shinn Féin amach. Mí roimh an toghchán, dhein Ó Coileáin agus de Valéra margadh nach seasfadh ionadaithe ó Shinn Féin a bhí ar thaobhanna difriúla den deighilt in éadan a chéile.



*Countess Markievicz i mbun feachtais do phoblachtánaigh fhrith-Chonartha i gCorcaigh (Illustrated London News, ó Ireland's Civil War le Carlton Younger, Londain, 1968, lch 236).*



*Mícheál Ó Coileáin ag labhairt le slua ag Faiche an Choláiste i Márta, 1922 (ó Ireland's Civil War le Carlton Younger, Londain, 1968, lch 173).*

22 Meitheamh 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## LÁMHACHTAR AN RIDIRE HENRY WILSON

Reginald Dunne agus Joseph O'Sullivan, beirt ón IRA, an Ridire Henry Wilson lasmuigh dá theach i Londain. Bhí Wilson ina chomhairleoir slándála do Phríomh-Aire Thuaisceart Éireann, James Craig. Cuireann Rialtas na Breataine brú ar an gCoileánach ionsaí a dhéanamh ar na Ceithre Cúirteanna agus iad den tuairim gur poblachtánaigh frith-Chonartha is cúis leis an marú.



*An Marascail Machaire an Ridire Henry Hughes Wilson (ó Leabharlann na Comhdhála, cnuasach Clónna agus Grianghraf ar líne). (http://www.loc.gov/rr/print/catalog.html), faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)*



26 Meitheamh 1922

IMEACHTAÍ UCD

## FUADACH JJ O'CONNELL

Fuadaíonn Ruairí Ó Conchubhair, céimí de chuid UCD, JJ (Ginger) O'Connell, iarmhac léinn innealtóireachta ó UCD atá anois ina Leas-Cheann Foirne in Arm Shaorstát Éireann, agus coinnítear O'Connell ag garrastún na gCeithre Cúirteanna. Tugann fuadach O'Connell údar do Mhícheál Ó Coileáin ionsaí a dhéanamh ar na Ceithre Cúirteanna agus cuireann seo tús leis an bhforéigean mar chuid den Chogadh Cathartha.



*Ruairí Ó Conchubhair (Illustrated London News, ó Ireland's Civil War le Calton Younger, Londain, 1968, p. 237)*



*Na Ceithre Cúirteanna, radharc thar Ché Uiséir agus Oileán Uiséir (Cartlanna UCD, P80/PH/25)*

28 Meitheamh 1922


IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## IONSAÍONN ARM AN TSAORSTÁIT NA CEITHRE CÚIRTEANNA

Le soláthairtí arm agus lón lámhaigh ó Rialtas na Breataine, bombardaíonn Arm an tSaorstáit na Ceithre Cúirteanna. Tugann Mícheál Ó Coileáin fuadach JJ O'Connell, atá ina Leas-Cheann Foirne in Arm an tSaorstáit, mar údar leis an ionsaí. Seasann an garastún poblachtánach in aghaidh an ionsaithe go dtí an 3 Iúil nuair a éiríonn na bladhmanna rómhór sna Ceithre Cúirteanna, a fhágann go ngéilleann Ruairí Ó Conchubhair agus a chuid fear. I rith an ama seo briseann coimhlintí amach ar fud na tíre; tarlaíonn coimhlintí idir fórsaí atá ar thaobh an Chonartha agus fórsaí frith-Chonartha i gCiarraí, i nDún na nGall, i Sligeach agus in áiteanna eile nach iad. Is é seo tús an Chogaidh Chathartha.



*Saighdiúirí de chuid Arm an tSaorstáit ag na Ceithre Cúirteanna (Cartlanna UCD, P80/PH/23)*



*Madhmann deatach amach as na Ceithre Cúirteanna (Cartlanna UCD, P80/PH/26)*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- **HISTORY HUB**
  An tOllamh Michael Laffan, Réabhlóid na hÉireann, léacht 10, an Cogadh Cathartha: http://historyhub.ie/the-irish-civil-war

1923

# 1922

12 Lúnasa 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁS ÁIRT UÍ GHRÍOFA

Básaíonn Art Ó Gríofa, a raibh a shláinte ag dul in olcas le linn an Chogaidh Chathartha, ina theach i mBaile Átha Cliath nuair a bhaineann rith fola inchinne dó. Cuirtear i Reilig Ghlas Naíon é.



*Mórshiúil shochraid Airt Uí Ghríofa (Cartlanna UCD, P80/PH/173)*

9 Meán Fómhair 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TOGHTAR LIAM TOMÁS MAC COSGAIR MAR UACHTARÁN AR AN TRIÚ DÁIL

In éagmais na beirte príomhcheannairí ar pháirtí Shinn Féin ar thaobh an Chonartha, toghtar LT Mac Cosgair mar Uachtarán ar an Tríú Dáil. San am céanna tá ról aige mar Chathaoirleach ar an Rialtas Sealadach.



*LT Mac Cosgair (grianghraf le George Grantham Bain, ar fáil ó Rannán na gClónna agus na nGrianghraf, Leabharlann Chomhdháil na Stát Aontaithe, faoi ainm digiteach ggbain.35309, faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)*

22 Lúnasa 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BÁS MHICHÍL UÍ CHOILEÁIN

Déanann saighdiúirí poblachtánacha luíochán ar Mhícheál Ó Coileáin agus a thionlacan i mBéal na Blá agus é ag taisteal go Droichead na Bandan. Gointear an Coileánach go marfach i rith an ionsaithe. Freastalaíonn tuairim agus 500,000 duine ar a shochraid i mBaile Átha Cliath.



*Iompróirí brat bróin le cónra Mhíchíl Uí Choileáin (Cartlanna UCD, P197/185)*

28 Deireadh Fómhair 1922

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## TREORAÍONN MUSSOLINI AN MHÁIRSEÁIL AR AN RÓIMH

Treoraíonn Benito Mussolini, taoiseach Pháirtí Fasisteach na hIodáile, 30,000 fear i máirseáil ar an Róimh. Cé gur beag an bhagairt mhíleata a bhaineann leis na máirseálaithe gaireann an Rí Victor Emmanuel III ar Mhussolini a bheith ina Phríomh-Aire dhá lá ina dhiaidh sin.



*Benito Mussolini, á thionlacan ag Emilio De Bono, Italo Balbo agus Cesare Maria De Vecchi le linn na Máirseála ar an Róimh.*

# 1922-23

17 Samhain 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## CUIREANN AN SAORSTÁT POBLACHTÁNAIGH CHUN BÁIS

Is iad James Fisher, Peter Cassidy, Richard Twohig agus James Gaffney is túisce de na 77 bpoblachtánach a chuireann Railtas an tSaorstáit chun báis idir Samhain 1922 agus Bealtaine 1923. Ar na daoine eile a mharaítear tá pearsana mór le rá, leithéidí Erskine Childers, Liam Uí Mhaoilíosa agus Joseph McKelvey. Spreagann na básuithe gníomhartha díoltais ón IRA frith-Chonartha –maraítear an Teachta Dála Seán Hales agus dóitear teach LT Mhic Chosgair.



*Erskine Childers, curtha chun báis 24 Samhain 1922 (Grianghraif an Phreasa Lárnaigh, ó Ireland's Civil War le Calton Younger, Londain, 1968, p. 172)*




*Liam Mellows, curtha chun báis, 8 Nollaig 1922 (faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons):*

6 Nollaig 1922

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUNAÍTEAR SAORSTÁT ÉIREANN

Glacann an Rialtas le forálacha an Chonartha Angla-Éireannaigh agus déantar tiarnas de chuid Impireacht na Breataine d'Eirinn go hoifigiúil. Ceaptar LT Mac Cosgair ina Uachtarán ar Ard-Chomhairle Shaorstát Éireann.



*LT Mac Cosgair, sa líne chúil, an chéad duine ar dheis, i láthair ag Comhdháil Impiriúil 1926 i Londain thar cheann na hÉireann (faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)*

8 Nollaig 1922

IMEACHTAÍ UCD

## BÁSÚ RUAIRÍ UI CHONCHUBHAIR

Básaítear Ruairí Ó Conchubhair mar dhíoltas ar bhású Seán Hales, Teachta Dála ar thaobh an Chonartha. Síníonn iarchara leis agus iarmhac léinn UCD Caoimhín Ó hUigín an barántas báis. Bhí Ó hUigín i gceannas ar an ngarastún poblachtánach ag na Ceithre Cúirteanna ní ba luaite sa bhliain. Níos lú ná bliain roimhe sin bhí Ó Conchubhair mar fhinné fir ag bainis Uí Uigín mar ar ól siad deoch i gcuimhne orthu siúd a fuair bás san Éirí Amach. Is é Ó hUigín is deireanaí de na hAirí a chuireann a ainm leis an mbarántas agus é faoi bhrú ó Risteard Ó Maolchatha. Maraítear athair Uí Uigín mar dhíoltas agus dóitear a theach go lár; maraíonn Poblachtánaigh Ó hUigín féin sa bhliain 1927.



*Grianghraf a tógadh ag bainis Chaoimhín Uí Uigín agus Birdie Cole. Tá Ó Conchubhair ina sheasamh ar chlé agus Éamon de Valera ar dheis. (Cartlanna UCD, P197/184, le caoinchead ó Lafayette).*

**FOGHLAIM NÍOS MÓ:**

- HISTORY HUB
  Cuspa sláinte a rinne Ruairí Ó Conchubhair ag bainis Chaoimhín Uí Uigín::
  *http://digital.ucd.ie/view/ivrla:30877*

# 1923

11 Eanáir 1923

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## GABHANN AN FHRAINC AGUS AN BHEILG SEILBH AR GHLEANN AN RUHR

Cuireann Príomh-Aire na Fraince Raymond Poincaré tús le hionradh ar Ghleann An Ruhr, réigiún ríthábhachtach i dtionsclaíocht na Gearmáine, mar chuid d'iarracht chun dlús a chur le haisíoc fhiacha cogaidh na Gearmáine. Cáineann an Bhreatain agus an Ghearmáin an beart.



*Saighdiúirí Francacha agus sibhialtach Gearmánach le linn fhorghabháil Ghleann an Ruhr (Bundesarchiv Bild 183-R09876, trí Wikimedia Commons).*

# 1923

7 Márta 1923

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## SLÉACHT BHAILE UÍ SHÍODA

Pléascann mianach talún a mharaíonn ochtar Poblachtánach i mBaile Uí Shíoda, Co. Chiarraí. Tá sé ar cheann de scata eachtraí a chuireann le líon na mbásanna i seachtainí deireanacha an Chogaidh Chathartha.



*Dealbh i gcuimhne orthu siúd a fuair bás i mBaile Uí Shíoda, Co. Chiarraí (Grianghraf le "GiollaUidir", faoi cheadúnas CC BY-SA 2.5 trí Wikimedia Commons)*

10 Aibreán 1923

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## LÁMHACHTAR LIAM Ó LOINGSIGH

Lámhachtar Liam Ó Loingsigh, Ginearál i gceannas ar an IRA frith-Chonartha, nuair a dhéanann Arm an tSaorstáit ruathar ar a chró folaigh i sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh. Tagann Frank Aiken i gcomharbacht air.



*Liam Ó Loingsigh, an ceathrú duine ar chlé ina sheasamh le buíon ceannairí IRA roimh thús an Chogaidh Chathartha (ó chlé, Seán Mac Eoin, Seán Ó Maoileain, Eoin Ó Dufaigh, an Loingseach, Gearóid Ó Súilleabháin agus Liam Ó Maoilíosa) (Illustrated London News, ó Ireland's Civil War le Calton Younger, Londain, 1968, p. 237)*




24 Bealtaine 1923

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## TAGANN DEIREADH LE FEACHTAS MÍLEATA NA BPOBLACHTÁNACH

Ordaíonn Frank Aiken stad a chur leis an lámhach agus lón cogaidh a thaisceadh, rud a thugann deireadh leis an gCogadh Cathartha. Mar sin féin, léiríonn bás Neol Lemass i 1924 agus bás Chaoimhín Uí Uigín i 1927 nach raibh deireadh iomlán tagtha leis an bhforéigean polaitiúil. Tuairimítear gur fhág an Cogadh Cathartha idir 1,000–4,000 duine marbh agus tá a thionchar le brath ar pholaitíocht na hÉireann i gcónaí.



*Frank Aiken níos déanaí ina shaol (Cartlanna UCD)*



*Iompraíonn saighdiúirí an tSaorstáit conrá chomhghleacaí leo (Cartlanna UCD, P80/PH/121)*

27 Lúnasa 1923

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## BUANN CUMANN NA NGAEDHEAL SAN OLLTOGHCHÁN

Buann Cumann na nGaedheal, an páirtí a d'eascair as eite i Sinn Féin a bhí ar thaobh an Chonartha, an chéad olltoghchán i Saorstát Éireann. Gnóthaíonn páirtí LT Mac Cosgair 63 shuíochán agus gnóthaíonn Sinn Féin Éamonn de Valéra 44. Staonann ionadaithe Shinn Féin ó shuí sa Dáil go dtí 1927.




*Balla in Inis, Co. an Chláir maisithe le póstaeir d'olltoghchán 1923 (Central Press Photos Ltd ó Ireland's Civil War le Calton Younger, Londain, 1968, p. 333)*

# 1923

27 Lúnasa 1923

IMEACHTAÍ UCD

## OLLTOGHCHÁN NA HÉIREANN

Tús nua do Shaorstát Éireann a bhí i dToghchán 1923 tar éis na deich mbliana suaite roimhe sin. Léiríonn formhór na ndaoine a dtacaíocht don Chonradh trí vóta a chaitheamh ar son Chumann na nGaedhal, a fhágann an bealach do stat nua ina bhfuil ról tábhachtach ag UCD. Is é an tOllamh Eoin Mac Néill an chéad Aire Oideachais sa Saorstát. Taobh leis féin tá Caoimhín Ó hUigín ina Aire Dlí agus Cirt agus ina Leas-Uachtarán agus tá Patrick Hogan ina Aire Tailte agus Talmhaíochta; céimithe UCD is ea an bheirt. Ceaptar céimí UCD eile, Hugh Kennedy, mar chéad Phríomh-Bhreitheamh ar an Saorstát; ba é a bhí mar chéad Ard-Aighne ar an Saorstát chomh maith. Is é is túisce de chuid mhór céimithe Dlí ó UCD a bhfuil róil thábhachtacha acu mar bhreithiúna; ina measc siúd tá breithiúna den Chúirt Uachtarach James A. Murnaghan agus Cecil Lavery, agus Uachtarán na hArd-Chúirte Cahir Davitt.



*Caoimhín Ó hUigín, Leas-Uachtarán Ard-Chomhairle Shaorstát Éireann, 1922-1927 (Arcíveanna UCD, P197/190)*



*Hugh Kennedy, an chéad Ard-Aighne agus Príomh-Bhreitheamh Shaorstát Éireann (faoi cheadúnas Fearainn Phoiblí, trí Wikimedia Commons)*

10 Meán Fómhair 1923

IMEACHTAÍ NÁISIÚNTA

## GLACANN SAORSTÁT ÉIREANN BALLRAÍOCHT I GCONRADH NA NÁISIÚN

Treoraíonn LT Mac Cosgair toscaireacht Éireannach sa Ghinéiv, mar a nglactar le ballraíocht an tSaorstáit i gConradh na Náisiún. Dearbhaíonn sé seo aitheantas idirnáisiúnta ar stádas an tSaorstáit.



*Toscaireacht Éireannach chun Chonradh na Náisiún (Cartlanna UCD, LA/PH/396)*



8 - 10 Nollaig 1923

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## PUTSCH AN HALLA BEORACH, MÜNCHEN

Féachann Páirtí Naitsíoch Hitler le coup a dhéanamh i gcoinne Phoblacht Weimar sa Ghearmáin. Cuirtear an t-éirí amach faoi chois go mear. Maraítear 16 Naitsí agus gearrtar priosúnacht 8 mí ar Hitler.



*Rannpháirtithe i bPutsch an Halla Beorach (Bundesarchiv Bild 146-2007-0003, trí Wikimedia Commons).*

15 Nollaig 1923

IMEACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## HIPEARBHOILSCIÚ SA GHEARMÁIN

Sroicheann an boislciú a bhuaicphointe ag 4,200,000,000,000 Papiermark ar an dollar.




*Nóta bainc 50 milliún marg, a priontáladh i Meán Fómhair, 1923 (trí Wikimedia Commons).*

# BA MHAITH LEIS AN BHFOIREANN COMHOIBRIÚ AGUS SOLÁTHAR ACMHAINNÍ A AITHINT Ó:


- Arcíveanna UCD
- Leabharlann UCD
- Sainchnuasaigh UCD
- Cnuasach Bhéaloideas Éireann UCD
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Jennifer Geraghty-Gorman
- Paul O'Farrell
- Mol Staire UCD
- Century Ireland
- Dr Maria Falina, An tOllamh Erik Eklund agus Dr William • Mulligan, UCD Scoil na Staire agus Árcíveanna

Curtha le chéile ag UCD Caidreamh Ollscoile agus UCD Taighde


Gheofar tuilleadh eolais ag:

**www.ucd.ie/centenaries**

© Cóipcheart UCD 2015